

ETB Dhún na nGall

A Tuarascáil Bhliantúil

2021



etb

Bord Oideachais agus
Oiliúna Dhún na nGall
Donegal Education and
Training Board

Focal ó Chathaoirleach ETB Dhún na nGall	L1
Réamhrá ón Phríomhfheidhmeannach	L3

01	Ráiteas Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall L5 — Feidhmeanna Bhord ETB — Freagrachtaí an Bhoird — Ballraíocht ETB Dhún na nGall 2021: Comhaltaí, Cathaoirligh, Tinreamh
02	Coistí L11 — Coistiú Iníúchta agus Riosca — Coiste Airgeadais — Coiste Obair Óige
03	Bainistiú Riosca L15 — Córas Rialuithe Inmheánacha — Polasaí agus Nósanna Imeachta Soláthair — Cáin — Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021
04	Cad a dhéanann muid; an áit a bhfuil muid L19
05	2021 - ‘Lean ar Aghaidh’ L25 Ag dul ar aghaidh lenár dtrí phríomhthéama Roinnt príomhfhigiúirí do 2021 Líon na ndaltaí de réir earnála — Clárú daltaí inár n-iar-bhunscoileanna — Breisoideachas agus Oiliúint (FET) Eochairthéama 1 Teagasc agus Foghlaim L31 — Tosaíocht 1 Clár agus Seirbhísí Tacaíochta — Tosaíocht 2 Tionscnaimh úra — Tosaíocht 3 Coincheapa nua laistigh de chlár na Sraithe Sóisearaí — Tosaíocht 4 Scileanna inaistrithe a fhorbairt i ngach clár oideachais agus oiliúna — Tosaíocht 5 Caighdeán cháilíochta a choinneáil agus a fheabhsú ar fud na gclár oideachais go léir — Tosaíocht 6 Scéim Aitheantais mar Scoil Ghaeltachta

05	Eochairthéama 2 Eagraíocht Fhorásach, Chuntasach L54 — Tosaíocht 7 Struchtúir eagrúcháin úra - — Tosaíocht 8 Ceanglais reachtacha agus rialachais - — Tosaíocht 9 Comhtháthú Oideachais agus Oiliúna, agus Seirbhísí Comhroinnte - — Tosaíocht 10 Deiseanna foghlama agus tacaíochtaí do bhaill foirne — Tosaíocht 11 Teicneolaíochtaí úra a úsáid le tacaíocht agus forbairt eagraíochtúil a fheabhsú — Tosaíocht 12 Straitéis chumarsáide
06	Eochairthéama 3 Ag obair le Comhpháirtithe L76 — Tosaíocht 13 Ag tógáil ar chaidrimh le hoibriú i dtreo comhspríocanna — Tosaíocht 14 Tacaíocht do ghníomhaíochtaí oibre ógra ar fud an chontae
07	Tuilleadh Oiliúna L87 Ionad Oiliúna agus Oideachais Allamuigh Ghartáin Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall Corparáideach L93 — COVID-19 — Seirbhísí Corparáideacha — Clár Forbartha Caipítíl — Nochtuithe Cosanta — Saoráil Faisnéise — Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS/GDPR) — Sláinte agus Sábháilteacht — Polasaithe agus Nósanna Imeachta — Giorrúcháin — Aguisíní



Ár bhFís

Sármhaitheas maidir le seirbhís oideachais agus oiliúna atá ar ardchaighdeán agus foghlaimoirlárnach a sheachadadh.

Ár Ráiteas Misin

Oideachas agus oiliúint inrochtana agus ionchuimsitheach a chur chun cinn, a chur ar fáil agus tacú leis sin i dtimpeallacht shábháilte chomhbhách a chuireann ar chumas daoine óga agus aosaigh iad féin a chumhachtú lena lánacmhainneacht a bhaint amach.

Tráth a bhí an Comhairleoir Doherty ag éirí as a ról mar Chathaoirleach do 2021 tharraing sé aird ina chuid cainte ar réimsí tábhachtacha ar mhór leis iad le linn a sheal mar Chathaoirleach, mar atá a leanas:

- Bliain achrannach a bhí ann san oideachas don fhoireann, do dhaltáí, do bhainistíocht scoileanna agus do thuismitheoirí sna scoileanna, sna coláistí agus sna hionaid agus tá gach duine le moladh as an iarracht a rinne siad.
- Ba bheag an deis a bhí ann an Slabhra Oifige a chaitheamh mar Chathaoirleach i ngeall ar an srian a chuir COVID-19 le hóstáil na n-imeachtaí.
- An obair thrasteorann leis na Ranna Oideachais idir Thuaidh agus Theas, agus an teagmháil idir ETB Dhún na nGall agus Comhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí, agus páirtithe leasmhara eile, chun teacht ar réiteach don soláthar oideachais i gceantair Bhéal Leice, An Gharastúin agus Dhoire Ó gConnaíle i bhFear Manach tar éis gur dúnadh Scoil Mhuire an Bhrollaigh.
- Deimhniú faighte ón Aire Simon Harris faoin stádas nua Ollscoile Teicneolaíochta don Iar-Thuaisceart a chuimseoidh LYIT, GMIT agus IT Shligigh, agus an tábhacht shuntasach a bheidh aige seo do phobail an Tuaiscirt agus an Iar-Thuaiscirt a mbeidh rochtain acu ar oideachas tríú leibhéal ar bhonn áitiúil. Beidh sé mar nasc comhlántach trasteorann chomh maith le LYIT, Coláiste an Iar-Thuaiscirt agus Scoil Leighis Dhoire agus na Printiseachtaí a chuirfear ar fáil amach anseo.
- Fáilte roimh na fógraí suntasacha a rinneadh inniu i dtaca le leithdháileadh chistiú SOLAS Chiste Maolaithe Mí-Bhuntaiste Oideachasúil (MAEDF), ar chomhairle Martina Needham, Oifigeach Oideachas d'Aosaigh do ghrúpaí pobail agus tagairt faoi leith do cheantar Inis Eoghain chun cabhrú leis na grúpaí sin ath-theagmháil agus rannpháirtíocht a chothú le linn thréimhse an COVID-19.
- Dul chun cinn maidir le suíomh a aimsiú do Champas Trí Scoile i mBun Cranncha; leithdháileadh suíomh tar éis tamaill fhada do champas trí scoile do na pobail in Inis Eoghain, a chuirfear chun cinn go gasta anois san amscála molta, gan aon bhac roimh a chríochnú, bíodh súil againn, in imeacht trí bliana.
- Obair leanúnach an ETB, bainistíocht scoile agus tuismitheoirí le tionscadal Choláiste Pobail Bhun an Phobail a chur chun cinn.
- An drochdhóigh a d'fhág MICA ar phobail scoileanna, lena n-áirítear daltaí, foireann agus teaghlaigh agus ní mór a chur in iúl don rialtas go mbeidh tacaíocht bhreise leanúnach de dhíth ar dhaltáí, ar fhoireann agus ar theaghlaigh atá buailte.

- An dochar atá déanta ag an phaindéim ó bhí Márta 2020 ann ar óige an chontae, agus na deacrachtaí cruinnithe airgid a bhí ag cumainn spóirt agus óige, rud a thug ar an ETB aighneacht agus moladh a chur faoi bhráid an Aire O'Gorman maidir le plean náisiúnta le haghaidh Cumainn Óige agus cultúr na nÓg a chur chun cinn.

Buíochas le Anne McHugh

Príomhfheidhmeannach agus leis an fhoireann ar fad a chabhraigh leis an Chathaoirleach le linn na bliana, as an tacaíocht a thug siad.

Ní neart go cur le cheile!

Cllr Albert Doherty,
Cathaoirleach



Bhí tús deacair le 2021 ag ETB Dhún na nGall óir dúnadh ár scoileanna agus ár n-ionaid an dara tréimhse de dheasca Covid. Is mór a foghlaimíodh ó dhúnadh 2020 ós rud é go raibh gach duine ar an eolas agus muinín acu maidir leis an Chian-Teagasc Éigeandála.

Níor chlis ar an tiomantas a bhí ag ár bhfoireann maidir lenár seirbhísí a choinneáil ag imeacht, agus de réir mar a chuaigh an lá chun sínte, tháinig laghdú ar na srianta idir Márta agus Aibreán.

Bhí ár gcuid daltaí Ard-Teistiméireachta páirteach i bpróiseas na nGrád Creidiúnaithe chomh maith lena scrúduithe Ard-Teistiméireachta a shuí, rud a d'fhág go raibh cúrsaí nach mór mar a bhí roimhe. Ar an drochuair ní dhearnadh an dul chun cinn cóir i gcuid mhór réimsí den Teastas Sóisearach, ach ar an dea-uair bhí eispéiris foghlama ag ár gcuid daltaí i gcuid mhór réimsí nach mbeadh acu in aon chor achab é an phaindéim.

Níor chuir an phaindéim stop lenár n-athbhreithniú Dearbhaithe Feabhais i mí na Bealtaine. D'oibrí ár Seirbhís FET gan stad gan staonadh lena chinntiú go raibh seachtain cruinnithe den scoth ag an Phainéal Idirnáisiúnta QQI le gach uile pháirtí leasmhar a úsáideann ár seirbhís.

Bhí an-áthas orainn leanúint de roinnt imeachtaí a réachtáil ar líne. Orthu seo bhí ár Seimineár bliantúil Oideachais Phobail ar an 10 Nollaig agus ár gCeolchoirm Speisialta DMEP ar an 21 Bealtaine chun ceiliúradh a dhéanamh ar thíolaice an na Sr Concepta Murphy, nach maireann, maidir leis an cheol i nDún na nGall. Thug an tAire Harris cuairt ar ár nIonad FET i Leitir Ceanainn agus bhíomar ag obair ar ár Straitéis nua 5 bliana a réiteach le hócáid chomhairliúcháin lenár mBainisteoirí ar 23.04.01. Ba mhó ná riamh an suntas a bhain le Lá Folláine sa Láthair Oibre, ós rud é go raibh ár gcuid tithe mar láithreacha oibre i gcónaí againn, den chuid is mó. Bhí baill de chór an ETB rannpháirteach i gceiliúradh Cholm Cille 1500 agus iad i mbun iomainn dar teideal 'Alone with none but thee, my God', arna chur in oiriúint ag Margaret McAteer, ball foirne de chuid Choláiste an Earagail.

Bhí dealramh éigin leis an chéad téarma den bhliain úr acadúil óir ní raibh scoileanna dúnta agus ar bhealaí áirithe bhí an saol ag socrú síos arís

D'éirigh linn ár Meamram Tuisceana a shíniú le LYIT i mí na Bealtaine agus an-chuma go deo ag teacht ar an dóchúlacht go mbeadh Ollscoil Theicneolaíocht ann in 2022.

Rinne ETBI méid suntasach oibre ar eiteas agus ar chroíluchanna ár scoileanna agus bhí ETB Dhún na nGall páirteach san obair seo a chuirfidh go mór le seasamh agus le tuiscint ar ár scoileanna; idir stát, comhoideachas agus ilchreidmheach ag obair leis na croíluchanna seo a leanas: barr feabhais san oideachas, cúram, comhionannas, meas agus pobal.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le baill Choiste na Tuarascála Bliantúla as an obair mhion bheacht den scoth a rinne siad nuair a bhí an cháipéis seo á réiteach: Andy McGovern, Cróna Gallagher, Martin Gormley, Brenda Boyle, Sandra Buchanan, Martin McGinley, Eileen Dennison agus Liz Potter.

Agus ar deireadh, gabhaim mo bhuíochas lenár gCathaoirleach, an Comhairleoir Albert Doherty agus le comhaltaí Bhord ETB Dhún na nGall as an tacaíocht agus as an spéis a chuireann siad i ngach rud a dhéanaimid chun freastal ar phobail Dhún na nGall.

--

Ms Anne McHugh,
Príomhfheidhmeannach



01

Ráiteas Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 agus is é atá freagrach agus cuntasach maidir le stiúir agus rialú ceart ar a fheidhmeanna i gceantair údaráis áitiúil agus Chomhairle Contae Dhún na nGall.

Dearbhaíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall gur glacadh Cód Cleachtais 2019 um Rialachas Bord Oideachais agus Oiliúna, Ciorclán na Roinne Oideachais agus Scileanna 0002/2019 agus go bhfuil ETB Dhún na nGall i ndiaidh dul chun cinn a dhéanamh ar fheidhmiú na riachtanas is cothroime le dáta sa Chód ina gcuid cleachtas agus nósanna imeachta ar fud na heagraíochta. An fheidhm leis an chód ná a chinntiú go mbeidh prionsabail an dea-rialachais agus na dea-bhainistíochta i bhfeidhm ag Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall.

Feidhmeanna Bhord ETB

Feidhmeanna forchoimeádta iad na cinntí a dhéanann an Bord agus tá siad leagtha amach in Alt 12(2) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 agus i gCiorclán 0002/2019 Cód Cleachtais um Rialachas Bord Oideachais agus Oiliúna, agus sceideal iomlán leagtha amach in Aguisín A den Chód. Aon chinneadh nach sonraítear ansin glactar leis gur Feidhm de chuid an Phríomhfheidhmeannaigh é. Tá an Bord sásta go ndéanann an Príomhfheidhmeannach tarmligean ar fheidhmeanna nuair is oiriúnach agus sin de réir an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a nochtann le réasún cruinneas staid airgeadais an Bhoird ag am ar bith agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gComhlíonann Ráitis Airgeadais alt 51 d'Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013. Tá an Bord freagrach fosta as a shócmhainní a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh maidir leis an chalaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Measann an Bord go gcuireann na Ráitis Airgeadais Bhliantúla ioncam agus caiteachas an Bhoird agus gnóthaí an Bhoird i láthair go cuí.

Agus na cuntais sin á n-ullmhú aige, ceanglaítear ar an Bhord:

- (a) na gnáthpholasaithe cuntasáiochta a chur i bhfeidhm chun ráitis airgeadais an ETB a ullmhú
- (b) breithiúnais agus meastacháin réasúnta ciallmhara a dhéanamh
- (c) aon imeacht ábhartha ó na polasaithe caighdeánacha chuntasáiochta a nochtadh agus a mhíniú

Le linn 2022 rinne an Bord faomhadh ar na cáipéisí a leanas:

- Glacadh leis an Tuarascáil Bhliantúil
- Ráitis Airgeadais
- Glacadh leis an Phlean Seirbhíse
- Thug a shéala do chomhaltaí freastal ar chomhdhálacha
- Rinne faomhadh ar shealbhú, ar choinneáil agus ar dhiúscairt talaimh nó leasa de réir rialacha RO
- Chinntigh gur coinníodh taifead cruinn ar chruinnithe agus ar chinntí

Príomhfheidhmeannach agus Comhaltaí Boird ETB Dhún na nGall 2021

Ionadaíocht agus Cruinnithe

- Cúig bliana téarma oifige ETB Dhún na nGall (2019-2024).
- Bíonn cruinnithe rialta ag an Bhord – timpeall uair gach sé seachtaine. In 2021, bhí ocht gcruinniú ag an Bhord.
- Is ar bhonn bliantúil a dhéantar an cathaoirleach agus an leas-chathaoirleach a thoghadh.
- Déanann ETB Dhún na nGall ceathrar comhaltaí boird nó ionadaithe dá chuid a thoghadh ar gach bord bainistíochta ar scoileanna agus choláistí ETB Dhún na nGall do thréimhse oifige cúig bliana an bhoird.
- Ceaptar ceathrar comhaltaí boird ar Bhord Rialaithe LYIT.
- Bíonn comhaltaí mar bhaill de choistí éagsúla an Bhoird, an Óige, Iniúchadh agus Riosca agus Airgeadas go príomha.

Príomhfheidhmeannach: Ms Anne McHugh

Bord ETB Dhún na nGall		
Ainm	Teideal	Comhlacht a d'Ainmnigh
An Comhairleoir Albert Doherty	Cathaoirleach	Comhairle Contae Dhún na nGall
An Comhairleoir Gary Doherty	Leas-Chathaoirleach	Comhairle Contae Dhún na nGall
An Coiste Iniúchta agus Riosca		
Ainm	Teideal	Comhlacht a d'Ainmnigh
Iníon Kathleen Bonner	Cathaoirleach	Comhalta Seachtrach
An Coiste Airgeadais		
Ainm	Teideal	Comhlacht a d'Ainmnigh
An tUas Patsy McVicar	Cathaoirleach	An Cumann Náisiúnta Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí (NAPD)

Tá an Bord comhdhéanta de 21 comhalta a toghadh faoi fhorálacha Alt 30 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 mar a leanas:

Príomh-Bhord ETB					
12 Comhaltaí a toghadh i dToghcháin Údaráis Áitiúil faoi Chomhairle Contae Dhún na nGall					
Alt 30 (l) (a) Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013					
	Teideal	Ainm	Sloinne	Catagóir	Comhlacht a d'Ainmnigh
1	An tUas	Albert	Doherty		Comhairle Contae Dhún na nGall
2	An tUas	Barry	Sweeny		Comhairle Contae Dhún na nGall
3	An tUas	Donal	Coyle		Comhairle Contae Dhún na nGall
3	An tUas	Gary	Doherty		Comhairle Contae Dhún na nGall
5	An tUas	John	O'Donnell		Comhairle Contae Dhún na nGall
6	An tUas	John Sheamais	O'Fearraigh		Comhairle Contae Dhún na nGall
7	An tUas	Martin	Harley		Comhairle Contae Dhún na nGall
8	An tUas	Martin	Farren		Comhairle Contae Dhún na nGall
9	An tUas	Michael	McBride		Comhairle Contae Dhún na nGall
10	An tUas	Noel	Jordan		Comhairle Contae Dhún na nGall
11	An tUas	Noreen	McGarvey		Comhairle Contae Dhún na nGall
12	An tUas	Rena	Donaghey		Comhairle Contae Dhún na nGall
2 Chomhaltaí ar baill den fhoireann iad. Cuid 30 (l) (b) Baill Foirne a toghadh					
13	Iníon	Joanne	Donaghy	Ionadaí Foirne	Elected by Staff
14	An tUas	Barry	Molloy	Ionadaí Foirne	Elected by Staff
2 Chomhaltaí ar Ionadaithe Tuismitheoirí iad Alt 30 (l) (c) ainmnithe ag an Chumann Tuismitheoirí					
15	An tUas	Geoffrey	Browne	Ionadaí Tuismitheoirí	ainmnithe ag an Chumann Tuismitheoirí
16	Iníon	Lorraine	Doherty	Ionadaí Tuismitheoirí	ainmnithe ag an Chumann Tuismitheoirí
5 Comhaltaí a toghadh de réir Alt 30 (l) (d) fo-alt (11) ó Chomhlachtaí Ainmnithe a bhfuil sainspéis/réimse acu mar a shonraigh an tAire					
17	Iníon	Lorraine	Thompson	Youth Work Ireland	Comhlachtaí Ainmnithe /Sainspéis
18	An tUas	Patsy	McVicar	NAPD	Comhlachtaí Ainmnithe /Sainspéis
19	An tUas	Gerard	Grant	IBEC	Comhlachtaí Ainmnithe /Sainspéis
20	Iníon	Regina	Grant	Disability Federation of Ireland	Comhlachtaí Ainmnithe /Sainspéis
21	A An tUas	Brian	McDermott	Irish Hospitality Institute	Comhlachtaí Ainmnithe /Sainspéis

Taifead Tinrimh na gCruinnithe – Comhaltaí Bhord ETB 2021

Bhí ocht gcrúinniú ag an Bhord le linn na bliana, agus tá mionsonraí thíos maidir leis an tinreamh:-

Quorum 12		Cruinnithe Bhord ETB Dhún na nGall 2021								
Dáta Chruinniú ETB		15/02/21	26/03/21	10/05/21	12/07/21	20/09/21	01/10/21	08/11/21	13/12/21	Ionlán
Comhalta	Comhlacht a d'Ainmnigh									
An tUas Geoffrey Browne	ainmnithe ag an Chumann Tuismitheoirí		✓		✓	✓	✓		✓	5
An Comhairleoir Albert Doherty	Comhairle Contae Dhún na nGall	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	8
An Comhairleoir Gary Doherty	Comhairle Contae Dhún na nGall	✓	✓	✓				✓	✓	5
An Comhairleoir Rena Donaghey	Comhairle Contae Dhún na nGall	✓	✓	✓	✓	✓		✓	✓	7
An Comhairleoir Martin Farren	Comhairle Contae Dhún na nGall							✓	✓	2
An Comhairleoir Noreen McGarvey	Comhairle Contae Dhún na nGall	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	8
An Comhairleoir Martin Harley	Comhairle Contae Dhún na nGall	✓	✓		✓	✓	✓	✓	✓	7
An Comhairleoir Donal Coyle	Comhairle Contae Dhún na nGall	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	8
An Comhairleoir Michael McBride	Comhairle Contae Dhún na nGall	✓	✓	✓	✓		✓	✓	✓	7
An Comhairleoir Noel Jordan	Comhairle Contae Dhún na nGall	✓	✓	✓	✓	✓		✓	✓	7
Iníon Joanne Donaghy	Ionadaí Foirne	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	8
An tUas Barry Molloy	Ionadaí Foirne	n/a	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	7
An Comhairleoir John Seamus Ó Fearraigh	Comhairle Contae Dhún na nGall	✓	✓				✓	✓	✓	5
An Comhairleoir John O'Donnell	Comhairle Contae Dhún na nGall	n/a	n/a	✓					✓	2
An Comhairleoir Barry Sweeny	Comhairle Contae Dhún na nGall	✓	✓	✓			✓	✓	✓	6
Iníon Lorraine Doherty	Ionadaí Tuismitheoirí	✓	✓	✓		✓		✓		5
Mr Patsy McVicar	NAPD	✓	✓	✓		✓		✓	✓	6
Iníon Lorraine Thompson	Youth Work Ireland	✓	✓	✓	✓	✓	✓		✓	7
An tUas Gerard Grant	IBEC	✓	✓	✓		✓		✓	✓	6
An tUas Brian McDermott	Irish Hospitality Institute					✓			✓	2
Iníon Regina Grant	Disability Federation of Ireland	✓		✓	✓	✓	✓	✓	✓	7

02

Coistí

An Coiste Iniúchta agus Riosca

Ballraíocht an Choiste Iniúchta agus Riosca 2021

- 1. **Iníon Kathleen Bonner, Cathaoirleach** (comhalta seachtrach)
- 2. **An tUas Gabriel O'Donnell** (comhalta seachtrach)
- 3. **An tUas Kevin Huston** (comhalta seachtrach)
- 4. **An tUas David Alcorn** (comhalta seachtrach – d'éirigh as ar an 12 Meán Fómhair 2021)
- 5. **An Comhairleoir Michael McBride**
- 6. **Iníon Lorraine Thompson**
- 7. **An tUas Gerard Grant**
- 8. **An tUas Francis Coyle** (ceaptha 12 Bealtaine 2021)
- 9. **An tUas Eunan Cunningham** (ceaptha 20 Meán Fómhair 2021)

Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca le linn na bliana, agus tá mionsonraí faoin tinreamh breactha sa tábla thíos.

Comhalta		9 Feabhra 2021	24 Márta 2021	28 Deireadh Fómhair 2021	15 Nollaig 2021	Tinreamh iomlán ar chruinnithe
Iníon Kathleen Bonner (Cathaoirleach)	comhalta seachtrach	✓	✓	✓	✓	4/4
An tUas Gabriel O'Donnell	comhalta seachtrach	✓	✓	✓	✓	4/4
An tUas Kevin Huston	comhalta seachtrach	✓	✓	✓	✓	4/4
An tUas David Alcorn (d'éirigh as 12/09/21)	comhalta seachtrach	✓	✓			2/2
An Comhairleoir Michael McBride	comhalta seachtrach	✓	✓		✓	3/4
Iníon Lorraine Thompson	comhalta seachtrach	✓	✓	✓	✓	4/4
An tUas Gerard Grant	comhalta boird		✓	✓		2/4
An tUas Francis Coyle (appointed 12/05/2021)	comhalta seachtrach			✓	✓	2/2
An tUas Eunan Cunningham (appointed 20/09/2021)	comhalta seachtrach				✓	1/2

Coiste Airgeadais

Ballraíocht an Choiste Airgeadais

--

- 1. An tUas Patsy McVicar, Cathaoirleach
- 2. An tUasConall Dunne (comhalta seachtrach)
- 3. Iníon Mary Doogan (comhalta seachtrach)
- 4. An tUas Seamus Bradley (comhalta seachtrach)
- 5. Iníon Regina Grant
- 6. An Comhairleoir Gary Doherty
- 7. An Comhairleoir Martin Harley

Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste Airgeadais le linn na bliana, agus tá mionsonraí faoin tinreamh breactha sa tábla thíos.

Comhalta		10 Feabhra 2021	24 Márta 2021 (comh-chruinniú)	29 Deireadh Fómhair 2021	15 Nollaig 2021	Tinreamh iomlán ar chruinnithe
An tUas Patsy McVicar	Comhalta Boird	✓	✓	✓	✓	4/4
An tUas Conall Dunne	comhalta seachtrach	✓	✓	✓	✓	4/4
Iníon Mary Doogan	comhalta seachtrach	✓	✓	✓	✓	4/4
An tUas Seamus Bradley	comhalta seachtrach	✓	✓	✓		3/4
Iníon Regina Grant	Comhalta Boird	✓	✓		✓	3/4
An Comhairleoir Gary Doherty	Comhalta Boird	✓	✓		✓	3/4
An Comhairleoir Martin Harley	Comhalta Boird	✓	✓		✓	3/4

Coiste Obair Óige

Youth Committee Membership

--

- 1. Geoffrey Browne (Cathaoirleach, YWC ETB Dhún na nGall)
- 2. An Comhairleoir Donal Coyle (ETB Dhún na nGall)
- 3. Gina Grant (ETB Dhún na nGall)
- 4. Lorraine Thompson Seirbhís Óige Dhún na nGall
- 5. Claire Gavigan (Foróige)
- 6. Maura Gallagher (Foróige)
- 7. Amy Ferry (Comhairle Óige Dhún na nGall)
- 8. Milly Cunningham (Comhairle Óige Dhún na nGall)
- 9. Kevin Ferguson (Scouting Ireland)
- 10. Martin Keeney (TUSLA)
- 11. Donal McBride (Muintearas)
- 12. An Cigire Seamus McGonigle (An Garda Síochána) (An Garda Síochána)
- 13. Dr. Martin Gormley (Stiúrthóir Scoileanna, ETB Dhún na nGall)
- 14. Paddy Muldoon (Oifigeach Óige, ETB Dhún na nGall)
- 15. Jacquie Knox (Riarthóir Obair Óige, ETB Dhún na nGall)

Bhí aon chruinniú amháin in 2021 den Choiste Obair Óige (YWC) ar an 23 Márta 2021, agus an tinreamh breactha thíos:

Ainm		23 Márta 2021
Geoffrey Browne	YWC ETB Dhún na nGall	✓
An Comhairleoir Donal Coyle	ETB Dhún na nGall	✓
Gina Grant	ETB Dhún na nGall	✓
Lorraine Thompson	Seirbhís Óige Dhún na nGall	✓
Claire Gavigan	Foróige	✓
Maura Gallagher	Foróige	✓
Amy Ferry	Comhairle Óige Dhún na nGall	✓
Milly Cunningham	Comhairle Óige Dhún na nGall	✓
Kevin Ferguson	Scouting Ireland	✓
Martin Keeney	TUSLA	✓
Donal McBride	Muintearas	✓
An Cigire Seamus McGonigle	An Garda Síochána	✓
Dr Martin Gormley	Stiúrthóir Scoileanna, ETB Dhún na nGall	✓
Paddy Muldoon	Oifigeach Óige, ETB Dhún na nGall	✓
Jacquie Knox	Riarthóir Obair Óige, ETB Dhún na nGall	✓

03

Bainistiú Riosca

Déanann an Bord maoirseacht leanúnach ar an Bhainistiú Riosca agus dearbhaíonn go bhfuil measúnú déanta aige ar na príomhríoscaí, na bearta maolúcháin bainteacha agus tá athbhreithniú déanta ar a éifeachtaí a bhí na bearta seo in 2021.

Faigheann an Bord tacaíocht agus cuidiú i dtaca lena fheidhm bainistithe riosca ó Fheidhmeannas an ETB, faoi cheannas an Phríomh-Fheidhmeannaigh, an Choiste Iniúchta agus Riosca agus an Choiste Airgeadais, faoi seach.

Bíonn an Bord ag brath freisin ar an Aonad Iniúchta Inmheánaigh agus a chuid tuarascálacha, ar iniúchadh bliantúil an ARCC, agus ar aon Iniúchadh seachtrach ar nós Iniúchadh CSE/ESF agus/nó Iniúchadh Ioncaim. Chomh maith leis sin, déantar athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha ar bhonn bliantúil.

Déantar breithniú faoi bhainistiú riosca ag cruinnithe Boird agus áirítear an méid a leanas sa bhreithniú seo:

- Tuarascálacha riosca ón ardbhainistíocht lena n-áirítear an tArd-Oifigeach Riosca (C&AG)
- Tuarascálacha an Choiste Iniúchta agus Riosca
- Athruithe ar Rátáil Rioscaí

Áiríodh imlíne ar an phróiseas bainistithe riosca sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach, atá faoi réir athruithe go mbeidh an t-iniúchadh seachtrach críochnaithe, mar chuid de na ráitis airgeadais iniúchta, a fhoilseofar laistigh de mhí i ndiaidh iad a fháil ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntais agus Ciste, agus mar aguisín ar Thuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh.

Córas Rialuithe Inmheánacha

--

Deimhníonn an Bord go ndearnadh athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh agus go bhfuil an Ráiteas ar Rialú Inmheánach, atá faoi réir athraithe go dtí go mbeidh an t-iniúchadh seachtrach curtha i gcrích, curtha san áireamh sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla (AFS) don bhliain dar críoch 31 Nollaig, 2021 a fhoilseofar laistigh de mhí i ndiaidh iad a fháil ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus mar aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh a cuireadh faoi bhráid an Aire.

In 2021, bhí athruithe i dtólamh ar chleachtais oibre seabhunaithe mar thoradh ar thionchar COVID-19, lena n-áirítear méid suntasach cianoibre. Bhí sé tábhachtach an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige sin ar oibriú chóras na rialuithe inmheánacha atá i bhfeidhm i rith na bliana a mheas. Leanadh de chomhlíonadh na bpolasaithe, na nósanna imeachta agus na sreafaí oibre atá ann cheana sa timpeallacht chianoibre. Tionóladh cruinnithe nuashonraithe, monatóireachta agus athbhreithnithe laethúla agus seachtainiúla lena chinntiú go rabhtas ag cloí go hiomlán leis na riachtanais oibríochta agus reachtacha atá ann cheana. Nuashonraíodh cláir riosca chun sainaithint agus measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar riosca a bhaineann le COVID-19.

Polasaí agus Nósanna Imeachta Soláthair

Deimhníonn an Bord go bhfuil an Bord ag cloí leis na gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí agus le forbairt agus le feidhmiú an Phlean Soláthair Chorparáidigh.

Cáin

Deimhníonn an Bord go bhfuil an ETB i ndiaidh a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh maidir le dlí cánach.

Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021

Tá an Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021 faoi réir ag iniúchadh ag an ARCC tráth foilsithe na Tuarascála Bliantúla seo 2021 ag ETB Dhún na nGall. Foilseoidh ETB Dhún na nGall na ráitis airgeadais iniúchta laistigh de mhí i ndiaidh iad a fháil ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntais agus Ciste.

- Tá sonraí airgeadas maidir leis na nithe a leas san áireamh sa Ráiteas Airgeadais Bliantúil:**
- Táillí nár bhain le tuarastal a íocadh le comhaltaí Coiste
 - Tuarastal agus sochair d'fhostaithe gearrthéarmacha
 - Sochair iarfhostaíochta
 - Sochair scoir
 - Cúiteamh na hardbhainistíochta
 - An líon fostaithe ar idir €0 agus €59,999 an sochar iomlán fostaithe a fuair siad;
 - An líon fostaithe ar idir €60,000 agus €69,999 an sochar iomlán fostaithe a fuair siad agus laistigh de gach banda tuarastail €10,000; agus figiúr iomlán do ranníocaíochtaí pinsin iomlána an fhostóra.




04

Cad a dhéanann muid
an áit a bhfuil muid

Reáchtálann ETB Dhún na nGall cúig cinn déag de scoileanna agus coláistí, lena n-áirítear cúig Ghaelcholáiste agus dhá scoil oileáin, ar Árann Mhór agus ar Thoraigh.

Cad a dhéanann muid



Tá seacht gcinn déag d’ionaid tiomanta ag an tseirbhís Bhreis-Oideachais agus Oiliúna (FET) lonnaithe i nGort a Choirce, Gaoth Dobhair, Bun Cranncha, Gleann Gad, Baile Dhún na nGall (Ardcoil agus Drumcliff), Leitir Ceanainn (Baile Raithin, Bóthar Chill Mhic Reanáin agus Ard O’Donnell), Béal Átha Seanaidh, Baile na nGallóglach, Foróige Leifir, Foróige Bhun Cranncha agus Gleann na Finne. Déantar cúrsaí iar-Ardteistiméireachta a sheachadh i dtrí cinn de scoileanna FET: Coláiste an Earagail; Gairmscoil Naomh Cáitríona, na Cealla Beaga; Coláiste Ghleann na Finne. Bíonn an tseirbhís FET ag comhoibriú chomh maith le 140+ de chomhlachtaí pobail, deonacha, reachtúla agus príobháideacha chun a chuid clár a sheachadadh ar fud an Chontae.

Tugann an tSeirbhís Threorach agus Eolais d’Aosaigh comhairle agus eolas faoi rún do dhaoine fásta maidir leis na roghanna oideachais agus oiliúna atá ar fáil ó ETB Dhún na nGall agus eile.

Is iontach an suíomh atá ag Ionad Oideachas agus Oiliúna Allamuigh Ghartáin – eastát 87 acra ag a bhfuil áiseanna agus lóistín ar bhrúach Loch Gartáin, 15 km ó Leitir Ceanainn.

Cuireann Páirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall oiliúint sa cheol ar fáil do réimse leathan uirlisí agus glórtha do dhaltai bunscoile agus iar-bhunscoile ar fud an chontae, agus daoine lánfhásta chomh maith. Tá deich gcinn de ghrúpaí ag DMEP a bhíonn i mbun léirithe, lena n-áirítear Ceolfhoireann Óige Dhún na nGall.


Cuireann comhordaitheoir atá lonnaithe in oifigí riaracháin ETB Dhún na nGall i Leitir Ceanainn réimse cúrsaí ar Staidéar Alcóil agus Drugaí ar fáil ar fud Dhún na nGall, Liatroma agus Shligigh.

Bíonn ETB Dhún na nGall i dteagmháil chomh maith le roinnt Clár Críochnaithe Scoile faoi choimirce TUSLA.

Tacaíonn ETB Dhún na nGall le clár seirbhísí obair óige sa chontae faoi stiúir an Oifigigh Óige.

Bíonn ETB Dhún na nGall ag obair le comhpháirtithe ar nós Páirtíocht Spóirt Dhún na nGall, Comhairle Contae Dhún na nGall, Údarás na Gaeltachta, Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn, Coiste Seirbhísí Páistí agus Daoine Óga Dhún na nGall agus Coiste Forbartha Pobal Áitiúil Dhún na nGall chun straitéisí don chontae a dhearadh, a chothú agus a chur i bhfeidhm don chontae.

An áit a bhfuil muid



Léarscáil Scoile – Ar dheiseal ó Bhun an Phobail

1	Coláiste Pobail Bhun an Phobail	Bun an Phobail
2	Coláiste Chranncha	Bun Cranncha
3	Coláiste Chineál Eoghain	Bun Cranncha
4	Coláiste Ailigh	Leitir Ceanainn
5	Coláiste Earagail	Leitir Ceanainn
6	Coláiste na Daoile	Ráth Bhoth
7	Coláiste Ghleann na Finne	Srath an Urláir
8	Gairmscoil Chú Uladh	Béal an Átha Móir
9	Gairmscoil na Mainistreach	Baile Dhún na nGall
10	Coláiste Magh Éne	Bun Dobhráin
11	Gairmscoil Naomh Cairtríona	Na Cealla Beaga
12	Coláiste na Carraige	An Charraig
13	Gairmscoil Mhic Diarmada	Oileán Árann Mhóir
14	Coláiste Phobail Cholmcille	Oileán Thoraí
15	Coláiste na Maoile Rua	Baile na nGallóglach

Ionaid FET - Ar dheiseal ó Ghleann Gad

1	Ionad Ógtheagmhála	Gleann Gad
2	Ionad FET Bun Cranncha	Bun Cranncha
3	Ionad Ógtheagmhála	Bun Cranncha
4	Ionad FET Leitir Ceanainn	Leitir Ceanainn
5	Coláiste Earagail (PLCs)	Leitir Ceanainn
6	Ionad Traenála Leitir Ceanainn	Leitir Ceanainn
7	Ionad Ógtheagmhála	Leitir Ceanainn
8	Ionad Ógtheagmhála	Leifear
9	Ionad FET Srath an Urláir	Srath an Urláir
10	Coláiste Ghleann na Finne (PLCs)	Srath an Urláir
11	Ionad FET Dhroim Chliabh	Baile Dhún na nGall
12	Ionad FET Ardscoil na gCeithre Máistir	Baile Dhún na nGall
13	Ionad FET Béal Átha Seanaidh	Béal Átha Seanaidh
14	Gairmscoil Naomh Cairtríona (PLCs)	Na Cealla Beaga
15	Ionad Traenála Gaoth Dobhair	Gaoth Dobhair
16	Ionad FET Gort a' Choirce	Gort a' Choirce
17	Ionad FET Baile na nGallóglach	Baile na nGallóglach

Oideachais Allamuigh/Oideachais Ceoil

18	Ionad Oideachais agus Oiliúna Ghartáin
19	Páirtíocht Oideachas Ceoil Dhún na nGall



05

'Lean ar Aghaidh'

– Ag dul ar aghaidh i 2021

Threoraigh eochairthéamaí a phlean cúig bliana ETB Dhún na nGall i rith 2021; clúdaíonn an plan an tréimhse 2017-2022 agus tugtar 'Lean ar Aghaidh' air. Tá trí eochairthéama sa phlean.

Eochairthéamaí:



Teagasc agus Foghlaim




Eagraíocht Fhorásach, Chuntasach




Ag Obair le Comhpháirtithe


Tionchar a imirt – na figiúirí



Clárú daltaí in iar-bhunscoileanna agus i gcoláistí 2021



Rollú Breisoideachais agus Oiliúna 2021



* Printíseachtaí, Ranganna Oíche, Sainoiliúint i Scileanna Sonracha



Eochairthéama 1

Teagasc agus Foghlaim



Tosaíocht 1

Cláir oideachais agus oiliúna a thairiscint le seirbhísí tacaíochta laistigh de thimpeallachtaí teagaisc agus de thimpeallachtaí foghlama agus a chinntiú go bhfreastalaíonn na cláir sin ar riachtanais na ndaoine, na sochaí agus an gheilleagair, riachtanais atá ag athrú go tapa.

Toradh

Cuirtear cláir oideachais fhreagracha ar fáil i ngach scoil, coláiste agus ionad laistigh de thimpeallachtaí teagaisc agus foghlama ar ardchaighdeán.

Chuir scoileanna réimse roghanna leasaithe teagaisc, foghlama agus measúnaithe i bhfeidhm ar fhógra gairid chun leibhéil shásúla soláthair a choinneáil do dhaltáí le linn tréimhsí agus scoileanna dúnta, de bharr na paindéime COVID-19.

De réir mar a d'fhill scoileanna ar an teagasc, foghlaim agus measúnú fisiciúil tar éis na dianghlása, tosaíodh ar phleanáil fhadtéarmach in áit na bpolasaithe éigeandála cianda, i bhfianaise an éilimh go mbeidh cur chuige níos straitéisí ann i leith oideachas agus oiliúint a sholáthar i dtimpeallacht foghlama ar líne níos comhtháite. Bhí tiomantas mór ag an fhoireann i dtaca lena chinntiú go raibh daltaí a bhí as láthair i ngeall ar COVID-19 ábalta teacht ar an ábhar is tábhachtaí trí mheán Google Classroom.

Is iomaí múinteoir a thug faoi deara go raibh daltaí níos cúlanta ná a bhí blianta roimhe, agus an t-aos óg i ndiaidh deiseanna agus eispéiris a chaillleadh a ndearna na glúine rompu talamh slán díobh. Is iomaí daltaí fosta a chaill duine ón teaghlach i ngeall ar an víreas. Chruthaigh sin dúshlán do scoileanna agus iad ag iarraidh tacú le folláine daltaí. Chuidigh Foirne Tacaíochta Daltaí tabhairt faoi chuid de na dúshlán seo le daltaí agus bhíodh teagmháil le tuismitheoirí ann i rith ama. Le linn na paindéime agus na ndúshlán a tháinig léi, bhí múinteoirí ann chomh maith ar cailleadh daoine muinteartha leo.

In 2021 bhí réimse cúrsaí sa soláthar seirbhíse FET ó leibhéil 1 go 6 ar an Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC [NFQ]). Leanadh sa chéad chuid de 2021 den réimse seo straitéisí leasaithe sa teagasc, foghlaim agus measúnú ar cuireadh tús leo mar fhreagairt do COVID-19 in 2020. Thángthas de réir a chéile ar ais go dtí na hionaid, agus aird faoi leith ar an tsláinte, an tsábháilteacht agus ar an sláinteachas. Bhí daltaí leibhéil 1 go 4 ar an chéad dream a d'fhill. Ba mhó an spéis a cuireadh i gcúrsaí scoileanna digiteacha, go háirithe an comhlánú foirmeacha ar líne. Leanadh den Chlár Athlonnaithe Teifeach sa chéad chuid de 2021. Faoi Mheán Fómhair bhí gach uile dhuine rannpháirteach i ndiaidh dul ar aghaidh go dtí an soláthar príomhshrutha.

Sa chéad ráithe de 2021, d'éirigh leis na cláir BTEI, VTOS agus PLC daltaí a spreagadh agus tacú leo le socrúithe éigeandála cianteacha agus cianfhoghlama, agus is ar líne is mó a cuireadh ranganna ar fáil. Scaoileadh roinnt srianta i ndiaidh na Cásca, agus thosaigh cláir ar thaispeántais scoileanna praiticiúla in ionaid, rud a d'fhág go rabhthas in ann measúnú foirmitheach agus cur i láthair a eagrú don teastasú i mbabhtaí mhí Mheithimh agus Lúnasa.



Cuireadh cúrsaí BTEI ar fáil ar nós Tacaíocht Cúram Sláinte, Cúram Leanaí, ICDL, Leabharchoimeád agus Párolla, agus Cúrsa Tosaigh sa Saol, Obair, agus Staidéar Ar Líne. Rinne na cúrsaí seo, le hais modúl aonair sa Choisceadh agus Smachtú Galraithe, Staidéar sa Mhíchumas Meabhrach agus scileanna Grianghrafadóireachta agus Deartha, soláthar ar réimse leathan grúpaí ar fud an chontae. D'éirigh le 204 dalta teastasú a bhaint amach agus chuaigh 178 díobh sin ar aghaidh go dtí an fhostaíocht nó go cúrsa eile ETB nó AO.

Bhain 98 dalta ceann scríbe amach ar an chlár VTOS i mBealtaine agus Meitheamh 2021, agus fuair dámhachtana i réimse ábhar lena n-áirítear an Ríomh-Ghnó, Cúram Leanaí, ICDL agus MOS, Ardteistiméireacht, Próiseáil Faisnéise agus scileanna Riachtanacha sa chúram sláinte. Chuaigh 78 den líon a chríochnaigh an cúrsa in 2021 ar aghaidh go cúrsa ETB nó AO nó fuair siad fostaíocht pháirtaimseartha nó lánaimseartha. Cuireadh an clár ar fáil i sé cinn d'ionaid ar fud an chontae i mBun Cranncha, Béal Átha Seanaidh, Leitir Ceanainn, Baile na nGallóglach, Gort a' Choirce agus baile Dhún na nGall. I Meán Fómhair 2021 tugadh an clár nua Luath-Fhoghlama agus Cúram isteach in ionad FET Leitir Ceanainn i ndiaidh don ETB an dearbhú a fháil mar sholáthróir ar an chlár a forbraíodh don tír ar fad.

Taobh istigh den chlár PLC cuireadh dhá cheann déag de chúrsaí ar fáil i dtrí cinn d'ionad ar fud an chontae, mar atá Gairmscoil Naomh Cáitríona, na Cealla Beaga, Coláiste an Earagail, Leitir Ceanainn agus Coláiste Ghleann na Finne, Srath an Urláir. I mBealtaine 2021, chríochnaigh 136 dalta an clár, agus chuaigh 92 díobh sin ar aghaidh go cúrsaí FET nó AO nó isteach i bhfostaíocht íoctha. I Meán Fómhair 2021 tugadh isteach Mór-Dhámhachtain QQI ar leibhéal 5 sa Cúram Ainmhithe i gColáiste an Earagail.

Faoi dheireadh 2021, bhí 404 teasta bronnta ag Leibhéil 4, 5 agus 6 tríd an phróiseas Aitheantas ar Réamh-Fhoghlaim (RPL).

Coinníodh ar chlár Phrintíseachtaí Chéim 2 a sheachadh ar mhodh cumaiscthe le linn 2021 agus rinneadh infheistíocht shuntasach ama agus acmhainní a d'fhág go rabhtas ábalta imeacht ar lánacmhainn le linn shrianta na paidéime.

Le linn 2021, thug ETB Dhún na nGall freagairt ar iarratas ó SOLAS glacadh le pleananna Soláthar Éigeandála don seachadh Printíseachtaí Céim 2 le go mbeifí ábalta tabhairt faoi riaráiste mhéadaitheach náisiúnta de Phrintísigh a bhí ag fanacht le hoiliúint. Méadaíodh acmhainn Chéim 2 ag na hIonaid Oiliúna faoi 50% in 2021 agus tá pleananna eile ann an acmhainn seo a mhéadú in 2022. Tháinig muid i dtír chomh maith ar mhaoiniú breise ag deireadh na bliana chun trealamh breise a aimsiú a d'fhág go raibh muid ábalta ár Soláthar Éigeandála a leathnú agus leanúint dó.

Le linn 2021 d'oibrigh muid go dlúth le LYIT agus iad ag tosú ar sholáthar a dhéanamh ar oiliúint Chéim 4 do Phrintísigh Leictreoirachta, agus thug muid faoi chlárú agus sceidealú a chur i gcrích do gach printíseach do Chéim 4. Bhí Roinn na Mótair taobh istigh den fhoireann soláthair Printíseachtaí ag obair i gcomhpháirt le Roinn Innealtóireachta LYIT chun forbairt agus soláthar a dhéanamh ar oiliúint san earnáil in-athnuaiteán agus ghlas, le fócas sonrach ar ghluaisteáin Hibrídeacha/Leictreacha agus an bonneagar a thacóidh leis an earnáil seo; táimid ag súil go ndéanfaimid tuilleadh forbartha sa réimse seo.

Teagasc agus Foghlaim



Tosaíocht 2

Na tionscnaimh úra a bhaineann le Ceannaireacht Theagascach, Cleachtais Aisiríocha, Comhoibriú idir Múinteoirí, Foghlaim Le Cuidiú Teicneolaíochta (TEL), Ionduchtú agus Meantóireacht a chomhtháthú isteach i gcláir úra.

Toradh

Caighdeáin fheabhsaithe sa teagasc agus san fhoghlaim i scoileanna, i gcoláistí agus in ionaid.

Le linn 2021, bhí forbairtí suntasacha ann maidir le feidhm a thabhairt don Straitéis Dhigiteach i ngach scoil. Bhí méadú ar úsáid na teicneolaíochta digití chun an teagasc agus foghlaim chianda a chur ar fáil le linn na dtréimhsí a bhí scoileanna dúnta agus dá thoradh sin bhí feabhas mór ar scileanna foghlama digiteacha na foirne agus na ndaltaí, le tacaíocht ó na foirne foghlama digití.

I ndiaidh dhá thréimhse fhada den teagasc agus foghlaim chianda, chuaigh múinteoirí agus daltaí i dtaithí ar an chur chuige seo agus iad á aithint nach ionann é agus an teagasc agus foghlaim i láthair a chéile. Cailleadh deiseanna comhoibrithe ó shuíomh an ranga (a bheadh beartaithe nó a thiocfadh ann) áit a spreagfaí smaointe nua agus a bheadh spéis dhlúth á cur ag daltaí. Níorbh ann don fhuinneamh a chothaíonn an dúthracht i daltaí agus i múinteoirí ó thaobh an teagaisc agus na foghlama de. An dúshlán do mhúinteoirí ná conas deiseanna bríomhara a cruthú don chomhoibriú agus gach duine ar líne.

Bhí dúshlán ann chomh maith i dtaca leis an obair ghrúpa sa seomra ranga. Bhí ar dhaltaí an scaradh fisiciúil ó chéile a chomhlíonadh agus bhí ar mhúinteoirí bheith an-chruthaitheach sa dóigh go bhféadfaí ábhair a chomhroinnt. Bhí amhras ar dhaltaí maidir le bheith i ngar do dhaoine eile. Chuir na srianta ar fad a bhain le COVID-19 cúl ar na deiseanna a bheadh ann cur chun cinn a dhéanamh ar na straitéisí a bhain le Ceannaireacht Threorach. Tá athrú ag teacht ar an dea-chleachtas san oideachas, ach athraíonn múinteoirí maithe de réir na timpeallachta foghlama.

Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta (TEL) agus FET

--

Thosaigh FET Dhún na nGall i mbun cur chuige a fhorbairt maidir le húsáid a bhaint as an fhoghlaim chumaiscthe trí H2 Learning a fhostú chun éascaíocht a dhéanamh de phróiseas taighde agus comhairliúcháin a dhírigh ar bheachtú a dhéanamh ar réimse roghanna don fhoghlaim chumaiscthe. Reáchtaladh ceithre cinn de cheardlanna saindirithe le páirtithe leasmhara tábhachtacha in 2021 agus bhí na léargais sin mar bhonn eolais don fhorbairt ar ‘Chreat don Foghlaim Chumaiscthe’ a bheidh mar thaca agus mar threoir do chur chuige straitéiseach an FET maidir leis an fhoghlaim chumaiscthe. Glacann an creat leis go mbeidh an fhoghlaim chumaiscthe mar thaca le mórchuid na gcúrsaí agus na gclár FET ar fud an Bhoird. Anuas air sin, cuirfidh an creat ar chumas an FET pleanáil, dearadh agus creidiúnú a dhéanamh ar chineálacha solúbtha foghlama cumaiscthe a bheidh ag teacht le Treoirlínte Foghlama Cumaiscthe QQI.

Cuireadh amach e-nuachtlitir uair sa ráithe a chuir tionscnaimh TEL chun cinn agus a chuir síos ar an dea-chleachtas. Thug foireann ETB Dhún na nGall agus saineolaithe seachtracha agus ceannairí seimineár TEL (sraith seachtaine de sheimineáir ghréasáin idirghníomhacha) maidir leis an teicneolaíocht a úsáid sa seomra ranga, rud a raibh an-rath go deo air agus 271 cleachtóir agus foireann FET i láthair aige thar cúig lá. Mar chuid de phlean TEL FET i leith 2021, cuireadh duaischiste dar luach €15,000 ar fáil ar chur chuige nuálaíoch maidir leis an teicneolaíocht a úsáid laistigh den tseirbhís FET do chlár FET. An cuspóir a bhí leis an tionscadal ná an fhoireann a spreagadh a gcúrsaí a athshamhlú, nó gné éigin den tseirbhís FET tríd an teicneolaíocht a úsáid. Fuair sé cinn de chlár FET maoiniú tríd an Tionscadal Nuálaíochta TEL.

I ngeall ar leathadh amach an Chláir Meantóireachta TEL, cinntíodh go bhfuil Meantóir ainmnithe TEL ag gach lonad FET chun tacaíocht agus treoir a thabhairt do chleachtóirí eile ar bhealach neamh-dhaorbhreithiúnach. Fuarthas aiseolas den scoth ón fhoireann. Leis an Chiste Maolaithe Mí-Bhuntaíste Oideachasúil (MAEDF), cuireadh roinnt Mol Digiteach ar siúl in ionaid FET. Tá siad ar fáil don Tacaíocht 1:1 nó mar spás do dhaltaí agus don fhoireann bheith ag obair go neamhspleách agus teacht acu ar ghléasanna agus idirnascthacht. Fuair FET Dhún na nGall 250 Ríomhaire Glúine agus 300 ChromeFETk a d’fhág go rabhthas in ann Scéim lasachta Gléas a chur ar siúl do dhaltaí FET in 2021.

Tionscnamh suntasach in 2021 ba ea an tionscnamh Saoránacht Dhigiteach. Sa lá atá inniu ann, is tosaíocht é an teicneolaíocht faisnéise agus an t-idirlíon a úsáid chun páirt a ghlacadh sa tsochaí agus is tábhachtach go mbeifí ábalta páirt fhreagrach shlán a ghlacadh san aois dhigiteach seo. Chuidigh comhoibriú oidí agus forbairt ar Phobal Cleachtais le hábhar a fhorbairt do shuíomh gréasáin Saoránacht Dhigiteach. Chuidigh an grúpa le sainaitheint a dhéanamh ar théamaí agus ar thopaicí ábhartha, plé a dhéanamh ar ábhar, pleananna ceachta agus acmhainní a fhorbairt lena n-áirítear cur i láthair, físeáin, quíozanna – iad uilig go léir feidhmiúil, praiticiúil agus le leas múinteoirí agus daltaí. Seoladh an suíomh le linn ár sraith Seimineár Gréasáin TEL i mBealtaine agus chuir ar chumas na foirne teagmháil a dhéanamh agus cleachtais dhigiteacha agus acmhainní a chomhroinnt ar fud na gclár agus bheith ag comhoibriú ar thionscnamh nuálach teagaisc agus foghlama.

An Collective – clár do dhaoine óga lánfhásta ar a bhfuil uathacht

--

Go luath in 2021, d’aithin ETB Dhún na nGall riachtanas oiliúna i measc daoine óga lánfhásta ar a bhfuil uathacht agus iad ag aistriú isteach san oideachas dara leibhéal. Tá sainriachtanais agus sainspéiseanna ag na daoine óga seo agus tá gá ach le conairí cuimsitheacha isteach sa bhreiseoideachas, san ardoideachas agus san fhostaíocht. Chuaigh an Gréasán Náisiúnta Foghlama i mbun comhoibrithe le ETB Dhún na nGall chun freagairt a dhearadh don riachtanas seo. An Collective a thugtar ar an chlár seo agus thosaigh an chéad dream ar an chlár píolótach aon bhliain amháin i Meán Fómhair 2021. Sa Collective, cuirtear spás ar fáil ina bhfuil treoir chomhoibritheach ar fáil chun an fhorbairt féintreoirithe a chothú agus a chur chun cinn, áit ar féidir le daltaí leanúint dá spéiseanna féin agus scileanna praiticiúla inaistritheacha a fháil san am céanna le réimse teicneolaíochtaí. Tugtar an deis do dhaltaí teastasú a aithníonn an tionsclaíocht a bhaint amach ó réimse leathan cáilíochtaí lena n-áirítear ICDL, Adobe, Saoránacht Dhigiteach srl. Déanfaidh seo éascaíocht de rochtain na ndaltaí ar ardoiliúint, ollscoileanna, printíseachtaí agus poist sa réigiún. Más oiriúnach, is féidir le daltaí dul i rannpháirt go díreach leis an tionsclaíocht; faightear socrúcháin i gcomhlachtaí óstála go háitiúil áit a mbeidh deis ag daltaí a gcuid scileanna a chleachtadh i dtimpeallachtaí nua.

Táthar ag súil, anuas ar na cáilíochtaí a fháil, go bhfaighidh na daltaí scileanna inaistritheacha praiticiúla sa domhan fíor a fhorbairt, rud a thacóidh leis an fhoghlaim ar feadh saoil ar nós scileanna boga, scileanna ríomhaireachta, sábháilteacht ar líne, réiteach fadhbanna, smaointeoireacht chruthaitheach agus meáin chruthaitheacha. thinking and creative media.

Ciste Maolúcháin Mí-Bhuntaíste Oideachasúil (MAEDF)

--

Thacaigh an tseirbhís FET le 33 soláthróir Oideachas Pobail teacht ar an tionscnamh MAEDF a chistíonn SOLAS. Dhírigh an ciste ar acmhainn a mhéadú ag soláthróirí oideachas pobail tabhairt faoin meath ar rannpháirtíocht na bhfoghlaimoirí faoi mhí-bhuntaíste, go háirithe iad siúd ar chlár scileanna bunúsacha agus litearthachta ar leibhéal 1-3 CNC [NFQ]. Bhí fócas láidir ar an oideachas pobail mar mheicníocht chun leanúint den tacaíocht agus den rannpháirtíocht le foghlaimoirí faoi mhí-bhuntaíste agus aitheantas gur tacaíocht riachtanach an fhoghlaim/an fhoghlaim chumaiscthe ar líne chun riar ar riachtanais chasta foghlaimoirí.

Rinneadh poiblíocht fhorleathan ar an chlár le linn mhí Lúnasa trí réimse cainéal – nuachtán, meáin shóisialta agus teagmháil dhíreach le chóir a bheith 200 soláthróir oideachas pobail sa chontae. Reáchtáladh dhá sheisiún eolais ar an 19 agus an 25 Lúnasa do sholáthróirí. Mar thoradh ar an chiste cuireadh díreach thar €300,000 ar fáil mar thaca le bonneagar digiteach, moil staidéir agus foghlama ar fud an chontae.



Cúrsaí Oiliúna Nua

Rinne ETB Dhún na nGall roinnt cúrsaí oiliúna a fhorbairt le linn 2021:

Cúrsa Oiliúna san Fhíodóireacht Chonallach - Tá ETB Dhún na nGall ar an chéad soláthróir oideachais sa tír a rinne forbairt ar chúrsa creidiúnaithe san fhíodóireacht, nó an Teastas san Fhíodóireacht Chonallach a fhaigheann creidiúint ó Údarás Cáilíochtaí na hAlban. Rinneadh an cúrsa a fhorbairt i gcomhpháirt le fíodóirí aonair agus le páirtnéirí ón ghnó (Magee, McNutts, John Molloy & Sons agus Studio Donegal) le cabhair ó Údarás Bréidín Harris in Albain. Tosaíodh ar an chéad iarracht den chúrsa 40 seachtain seo i gCill Chartha i Meán Fómhair 2021 agus tá socrúchán oibre 12 sheachtain mar chuid de. Tá oiliúint ar fáil ó shaineolaithe sa ghnó lena n-áirítear fíodóirí láimhe agus fíodóirí seol Hattersley a bhfuil ardaithí acu.

Tá tábhacht mhór ag baint leis an chúrsa seo maidir le caomhnú a dhéanamh ar an cheird fhadbhunaithe seo atá mar chuid de shainoidhreacht Dhún na nGall agus a bhfuil an acmhainn aige píblíne tallaine a chur ar fáil don tionsclaíocht a thacóidh leis an fhíodóireacht agus le tionscal teicstíil go háitiúil agus ar fud na tíre. Tá tuilleadh mionsonraí ar fáil ó fhíseán eolais: [Clliceáil anseo.](#)

Cúrsa Oiliúna sa tSuiteáil Córas Cumarsáide - Rinneadh forbairt ar an chúrsa oiliúna sa tSuiteáil Córas Cumarsáide mar fhreagairt ar an éileamh ar iarrthóirí cáilithe chun riar ar riachtanais na tionsclaíochta san earnáil teicneolaíochtaí cumarsáide agus go háirithe chun riar ar an riachtanas ag an tionsclaíocht cáblaí cumarsáide. Ach éirí leo sa chúrsa oiliúna seo, beidh na scileanna sainiúla agus an t-eolas ag daltaí snáthoptaicí agus cábla copair a shuiteáil. Is tráthúil an fhorbairt atáthar a dhéanamh ar an chúrsa seo i ngeall ar leathadh áitiúil agus náisiúnta an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda; tá gá le hinfheistíocht shuntasach i suiteáil agus in uasghrádú an líonra snáithe ardluais a chuirfidh ar chumas teaghlach, gnólachtaí agus scoileanna oibriú go héifeachtach. Tosaíodh ar an chéad bhabhta den chúrsa seo i mí na Samhna 2021 agus is maith a ghlac an tionsclaíocht leis. Tá físeán eolais ar fáil ach: [clliceáil anseo.](#)

Cúrsa Oiliúna sa Phleanáil Líonra - Rinneadh an cúrsa oiliúna seo a fhorbairt le linn 2021 i bpáirtíocht le KN Circet, mórchomhlacht teileachumarsáide chun riar ar riachtanais na hearnála forbartha bogearraí agus pleanála líonra a bhfuil fás as cuimse tagtha air le roinnt blianta. Tá earnáil láidir FinTech i nDún na nGall a bhfuil dúshlán aici teacht ar na scileanna agus an tallann riachtanach chun riar ar an tionscadal seo faoina bhfuil mearimeacht. Tá na daltaí a bheidh ag freastal ar an chúrsa seo ag forbairt scileanna agus eolais sa ríomhchlárú agus sa chódúchán, le héagsúlacht mhór teangacha ar nós HTML5, CSS, C#, Java agus Python. Anuas air sin, cuireann an cúrsa cáilíocht ar fáil do dhaltai sa chreidiúnú Tástálaí Teastasaithe. Déanfaidh KN Circet an socrúchán oibre a éascú agus beidh an deis ag daltaí a gcuid foghlama a chur i bhfeidhm i dtimpeallacht bheo oibre.

Beidh daltaí an chúrsa seo in ann na scileanna a gheobhaidh siad a aistriú go réimse leathan earnálacha. Tá físeán eolais ar fáil ach [clliceáil anseo.](#)

Teagasc agus Foghlaim



Tosaíocht 3

Glac leis na coincheapa nua laistigh de Chlár na Sraithe Sóisearaí inár scoileanna, inár gcoláistí agus inár n-ionaid.

Toradh

Beidh mic léinn a bhfuil níos mó muiníne agus scileanna foghlama neamhspleácha acu ábalta staidéar a dhéanamh ar na hábhair atá leagtha síos agus ar ghearrchúrsaí cuí.

Tugadh tacaíocht do mhúinteoirí tabhairt faoin dúshlán an TFC a chomhtháthú ina gcleachtas ranga mar chuid den Chlár nua Teastais Sóisearaigh. Chuir sé seo ar chumas an ógánaigh bheith chun tosaigh maidir le dul chun cinn sa chleachtas ranga agus teicnící foghlama. Chabhraigh sé chomh maith le cur i láthair na Measúnuithe Rang-Bhunaithe (CBA).

Thug bainistíocht na scoileanna faoi iniúchtaí rialta ar áiseanna TFC i ngach ábhar, chun eolas a aimsiú maidir le modhanna úsáide na n-áiseanna a bhí ar fáil.

Bhí múinteoirí ar maith na scileanna TFC atá acu mar mheantóirí ag comhghleacaithe nach bhfuil chomh hardoilte céanna sa TFC. Tapaíodh gach uile dheis an dea-chleachtas i scoileanna a chraobhscaoileadh i measc na mball foirne.

Tháinig baill foirne i dtír chomh maith ar leas an TFC ina gcuid nósanna imeachta agus cleachtais measúnaithe, seachas feidhmeanna riaracháin amháin. San áireamh leis sin bhí úsáid a bhaint as TFC chun measúnú, rianú agus anailís a dhéanamh ar dhul chun cinn daltaí trí bhogearraí cuí a úsáid. D'oibir Gairmscoil na Mainistreach agus Coláiste an Earagail le 'Jump A Grade' chun an réiteach TFC a imeascadh i soláthar measúnuithe idir fhoirmitheach agus shuimitheach.

Cuireadh glór an dhaltaí chun cinn go réamhghníomhach i gcuid mhór scoileanna. Tacaíodh le daltaí a gcuid a rá agus aiseolas a thabhairt maidir le cuid mhór gnéithe de shaol na scoile.

Bhí Tionscnamh Comhoibre Múinteoirí ETB Dhún na nGall ann a chabhraigh le tacaíocht a chur ar fáil don chianteagasc le linn na paindéime COVID-19. Cuireadh tacaíocht ar fáil dó seo le Ciste Barr Feabhais Digiteach na Roinne Oideachais. Bhí croíghrúpa múinteoirí ar fud na scoileanna a d'oibir le Comhordaitheoir roinn an dea-chleachtas agus a d'éagraigh Teach Meets chun cuidiú leis an eolas a chraobhscaoileadh faoi na tionscadail ar éirigh leo agus a shainaithin dúshláin a d'fhéadfadh teacht ann.

Teagasc agus Foghlaim



Tosaíocht 4

Scileanna inaistrithe a fhorbairt (litearthacht, uimhearthacht, scileanna idirphearsanta, scileanna digiteacha srl.) agus a chomhtháthú i ngach clár oideachais agus oiliúna.

Toradh

Tá buíon foirne forbartha le tacú le scileanna inaistrithe a chomhtháthú i gcláir oideachais.

Leanadh den chomhtháthú agus den soláthar ar scileanna inaistrithe le réimse soláthair ag Leibhéal 1 go 3 ar an Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Bhí na nithe a leanas i gceist sa soláthar: an chumarsáid; scileanna digiteacha; scileanna litearthachta; an cultúr, oidhreacht agus stair, taithí oibre agus ullmhúchán gairmiúil. Spreagann an soláthar téamúil rannpháirtíocht agus teagmháil ghníomhach leis an phróiseas foghlama.

Cuireadh Forbairt Ghairmiúil do mhúinteoirí/oidí ar fáil a bhain le dearadh uilíocht don fhoghlaím (UDL) agus conas an teicneolaíocht a úsáid chun an teagasc agus an fhoghlaím a fheabhsú. Bhí an tseirbhís FET i dteagmháil le iCare, Bluestack Foundation agus an Irish Wheelchair Association chun tacú le scileanna litearthachta agus digiteacha a chomhtháthú le scileanna saoil agus curaim phearsanta.

Lean Soláthróirí Sain-Oiliúna (STPanna) den oiliúint a chur ar fáil ar Leibhéal 3, 4, agus 5 CNC [NFQ]. Spreagadh múinteoirí agus oiliúnóirí STP teacht i dtír ar an fhorbairt ghairmiúil leanúnach a chuir an tseirbhís FET ar fáil, lena n-áirítear UDL agus straitéisí a thacódh le daltaí ar a bhfuil disléicse. Thacaigh an soláthar STP leo siúd a bhí páirteach líonraí a neadú ina bpobail tríd an teagmháil a chothú le fostóirí áitiúla agus an chinnteoireacht a neadú in éineacht le seirbhís chustaiméirí agus scileanna bainistithe ama.

Lean Seirbhís Treorach FET den teagmháil a dhéanamh le daltaí agus le cliaint leis an tacaíocht ar líne ar agus ar ghuthán le linn an chéad leath de 2021. D'athraigh seo ina thacaíocht os comhair duine ar dhuine sa dara leath den bhliain. Rinne treoraithe ETB Dhún na nGall forbairt ar acmhainn dar teideal Tick that Box, a chinntigh go raibh leanúnachas sa chleachtas ar fud na seirbhíse agus chuir acmhainn ar fáil a thiocfadh le daltaí a úsáid fiú agus a gcúrsa críochnaithe acu.



Teagasc agus Foghlaim



Tosaíocht 5

Caighdeáin cháilíochta a choinneáil agus a fheabhsú ar fud na gclár oideachais go léir.

Toradh

Tá creataí dearbhaithe cáilíochta i bhfeidhm do gach clár atá á thairiscint ag ETB Dhún na nGall.

Ag tús na scoilbhliana in 2021, tosaíodh arís ar chigireachtaí ócáideacha ar scoileanna. Le linn na gcigireachtaí ócáideacha, bhailigh Cigirí faisnéis chomh maith faoi fheidhmiú na bpolasaithe frithbhulaíochta agus daltaí/daltaí a chur ar chlár ama laghdaithe i scoileanna. Le linn thréimhse COVID-19, fuair scoileanna réamhfhógra teileafóin faoi chigireacht ócáideach lena chinntiú go mbeadh cigirí in ann Plean Freagartha COVID-19 na scoile a chomhlíonadh.

Le linn 2021, d'fhéadfaí chomh maith go bhfaighfeadh scoil cuairt Cigireachta maidir le Soláthar Slán na Scolaíochta. Dearadh na cuairteanna sin chun comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil maidir le timpeallacht shlán foghlama agus oibre a chruthú do gach uile dhuine sa scoil.

Dearbhú Cáilíochta FET agus COVID 19

Le linn 2021, leanadh de na socruithe oiriúnaithe don teagasc, don fhoghlaim agus don mheasúnú de chuid Bheartas Teagmhasachta na Seirbhíse FET i dtaca le Malairt Mheasúnaithe. Rinneadh an polasaí seo a fhorbairt mar fhreagairt ar shrianta sóisialta a bhain le COVID-19 agus chinntigh sé go raibh socruithe teagmhasachta don mheasúnú ann chun tacú le daltaí agus iad a chumasú a gcórsa staidéir a chríochnú agus teastasú a bhaint amach. Leanadh den bheartas a leasú agus a nuashonrú agus dhearbhadh an Chomhairle Cháilíochta dhá leasú eile a foilsíodh ar ár suíomh gréasáin in 2021. Rinneadh forbairt ar 42 measúnú malartach i gcomhar le hoidí agus múinteoirí FET a chuireann clár QQI ar fáil. I ngeall ar na measúnuithe foirmitheacha seo bhíodhas in ann an measúnú suimitheach a chur i gcrích le linn na bliana agus teastasú ar dhaltaí ETB thar Leibhéil 4–6 ar an CNC [NFQ].

I ngeall ar na leasuithe ar an bheartas chomh maith bhíodhas in ann socruithe malartacha a chur ann chun teastasú a dhéanamh ar thaithí oibrí agus ar mhíreanna cleachtais oibre na mórdhámhachtainí QQI; úsáideadh an dámhachtain Forbairt Phearsanta agus Ghairmiúil san áit nach rabhtas ábalta dul isteach sa láthair oibre i ngeall ar shrianta. Athrú suntasach eile ba ea gach ionad agus clár a chuimsiú sa straitéis samplála Fíordheimhniú Seachtrach (EA) atá le cur san áireamh uair sa bhliain ar a laghad.

Athbheithniú Tionscnaimh ar Cháilíocht FET

Thug painéal breithnithe neamhspleách faoin chéad Athbheithniú Cáilíochta ar sheirbhís FETi mBealtaine 2021, tar éis próiseas fada féinmheasúnaithe agus Tuarascáil chuimsitheach Féin-Mheasúnaithe i bhFeabhra 2021. Mhol an Fhoireann Athbheithnithe an cur chuige a dhírigh ar an fhoghlaimeoir atá, dar leo, i gceartlár na gníomhaíochta ar fad, rud a chruthaíonn seirbhís FET atá á tiomáint ag cultúr agus ag fíis straitéiseach an ETB ina bhfuil teagmháil, rochtain agus deis ann go forleathan do gach duine. D'aithin an Fhoireann arís agus arís eile an paisean agus an tiomantas atá ag an fhoireann agus an luach a chuireann páirtithe leasmhara seachtracha ar ETB Dhún na nGall, rud a bhí spreagúil agus cothaitheach, mar a bhí an ráiteas acu gur ancaire sibhialta muid sa phobal againn.

Fuair an Fhoireann fianaise go raibh tacaíocht luath, sholúbtha, nuálach agus éifeachtach ar fáil d'fhoghlaimeoirí agus don fhoireann le linn na paindéime; d'aithin siad chomh maith an ról criticiúil a bhí ag an ETB maidir le tacú le cuimsiú gníomhach daoine aonair ar fud an chontae, go háirithe iad siúd faoi mhí-bhuntaiste shóisialta, oideachasúil nó eacnamúil. Thug siad faoi deara an fhorbairt agus an chothabháil ar líonra leathan de chaidrimh phearsanta le réimse leathan eagraíochtaí, institiúidí, grúpaí agus earnálacha, á fheabhsú ag an fhor-rochtain shuntasach agus ag an oideachas pobail. Moladh chomh maith an cur chuige solúbtha ag ETB Dhún na nGall maidir lena thimpeallacht seachtrach agus a fhreagrúla a bhí sé do na riachtanais athraitheacha áitiúla agus réigiúnacha ag daoine aonair agus ag gnólachtaí. Fuarthas ardmholadh as an cheannaireacht shuntasach a léirigh FET i dtaca le Rochtain, Aistriú agus Dul Chun Cinn agus Aitheantas ar Réamh-Fhoghlaim (RPL).

Seirbhísí Tacaíochta Foghlaimeora FET

--

Sainaithníodh an riachtanas le cur chuige níos struchtúrtha mar thacaíocht leis an tseirbhís FET i dtaighde a rinne DMH Associates; mar fhreagairt don taighde seo, chuir an FET roinnt bunghníomhaíochtaí i bhfeidhm in 2021. Bunaíodh Grúpa Leasa agus Ionchuimsithe Daltaí (SSWIG), agus réachtáladh an chéad chruinniú ar líne i bhFeabhra 2021. Tá ionadaíocht ar an ghrúpa ó gach uile réimse sa tseirbhís. Rinne an grúpa áireamh ar thacaíochtaí reatha chun feasacht a chruthú ar an mhéid atá ar fáil don fhoireann agus do dhaltaí ar aon. Táirgeadh réimse leathan cúrsaí san fhorbairt ghairmiúil mar thaca le foireann a bheadh ag cur i bhfeidhm straitéisí ionchuimsitheacha don teagasc agus don fhoghlaim agus don acmhainneacht a thógáil.

I mí Mheán Fómhair, bunaíodh seirbhís thacaíochta tiomanta do dhaltaí, agus beirt bhall foirne ag obair go dílis uirthi. Rinneadh píolótú ar struchtúr atreoraithe agus cuireadh an tseirbhís chun cinn go forleathan ar fud na seirbhíse FET. Bhí pointe soiléir teagmhála anois ann maidir le hatreorú daltaí. Cuidíonn an tacaíocht atá ar fáil le forbairt scileanna a chuideoidh le daltaí a gcúrsa chríochnú, mar atá na nithe seo:

- Scileanna Staidéir (e.g. Bainistiú Ama, Breacadh Nótaí)
- Scileanna TF (e.g. Google Classroom; léitheoir tumthach; Teams)
- An Scríobh Acadúil (tagairtí; struchtúr aistí; bradaíl)
- Mata –Súil siar agus bearnaí a líonadh chun tacú le rathúnas ar an chúrsa
- Straitéisí tacaíochta le daltaí ar a bhfuil disléicse.

Forbairt agus Bailíochtú Clár taobh istigh de FET

--

Is mó an comhtháthú atá déanta ar an Fhorbairt Chláir in 2021 i strúchtúir chomhlíonta agus rialachais óir bunaíodh an Fo-Choiste Clár in 2020 agus tá sin anois ag socrú isteach i nósanna imeachta atá níos soiléire, agus é ag obair ar fhobairt a dhéanamh ar Bheartas nua um Fhorbairt agus Dearbhú Clár, a bhí i gcéim dheiridh an chomhairliúcháin ag deireadh 2021 agus an cuspóir ann a chur faoi bhráid na Comhairle Cáilíochta sa chéad ráithe de 2022. Bhí comhairliúchán ar siúl fosta maidir le Téarmaí Tagartha an Ghrúpa Pleanála don Soláthar Comhtháite agus iad sin le cur faoi bhráid na Comhairle Cáilíochta in Eanáir 2022.

Is codanna riachtanacha iad seo go léir maidir leis na nósanna imeachta seo a chomhtháthú sa struchtúr rialachais níos leithne.

Bhí roinnt clár lánaimseartha a dearbhaíodh in 2020 agus a chuaigh i mbun soláthair in 2021, mar atá na Cúrsaí Oiliúna sa tSuiteáil Córas Teileachumarsáide, Fíodóireacht Chonallach agus Pleanáil Líonra (Bogearraí) chomh maith le Soláthar Sainoiliúna ar cheithre cinn de chláir – Jobstart Leibhéal 3, Miondíol Leibhéal 4, Staidéar Gnó agus Teicneolaíocht Faisnéis Leibhéal 5 agus an Clár Collective ASD. Baineadh amach an dearbhú deireanach ionad le hÚdarás Cáilíochtaí na hAlban, le haghaidh na printíseachta san fhíodóireacht Chonallach, in Aibreán 2021. Rinneadh dearbhú chomh maith ar sholáthar PLC sa Chúram Ainmhithe ag Leibhéal 5 QQI, agus tosaíodh ar é sin a chur ar fáil i gColáiste an Earagail i Meán Fómhair 2021, agus daltaí Leibhéal 5 air, a mbeidh cúigear acu ag imeacht ar shocrúchán Erasmus+ i Malaga in Aibreán 2022.

Ar na cláir nua a dearbhaíodh in 2021 a mbeifear ag tosú ar iad a chur ar fáil i ráithe 4 2022 tá Cúrsaí Oiliúna san Eolaíocht Sonraí, Riarachán Gnó agus Trádála Idirnáisiúnta QQI Leibhéil 5 agus Riarachán agus Gnó Leibhéal 3 City & Guilds. Tá dearbhú chun soláthair déanta ar cháilíocht nua City & Guilds i Modhanna Próiseála Focal a chuirfear á chomhtháthú i gcláir VTOS leis an chomhlacht dámhachtana agus na nósanna imeachta QA inmheánacha. Tá Dearbhú Comhpháirtíochta le Silver Learning bainte amach leis an ACCA agus tá sé i gceist tosú ar an soláthar in Aibreán 2022 ar Bhun-Diplóma Leibhéal 3 sa Chuntasaíocht Airgeadais agus Bainistíochta.

Ar na cláir a cuireadh chun cinn le haghaidh deimhnithe le comhlachtaí dámhachtana agus tríd an phróiseas inmheánach faofa, ar tosaíodh ar iad a sholáthar in 2021, tá na tairiscintí Scileanna chun Cinn (STA) Design and Make a Fashion Accessory le Hanna Hats, Solidworks d’earnáil na hinnealtóireachta agus cáilíochtaí City & Guilds ar Leibhéal 3 agus Leibhéal 4 don earnáil Óstlannaíochta, rud ba thionscnamh náisiúnta de chuid SOLAS chun tacú leis an earnáil seo a buaileadh go dona le linn na paindéime COVID-19. Tá cáilíocht City & Guilds Leibhéal 3 sa Dearadh le Cabhair Ríomhaire curtha chun cinn le haghaidh a dheimhnithe leis an chomhlacht dámhachtana agus leis na próisis faofa QA inmheánacha.

huir Learning for Living tairiscintí nua chun tosaigh ar Leibhéal 1 le go mbeidh tuilleadh comhtháiteachta ann maidir le scileanna gairmiúla agus scileanna litearthachta agus digiteacha, le Garraíodóireacht Leibhéal 1 agus an Stair Áitiúil Leibhéal 5 a chuirfear ar fáil i nGaeilge sna ceantair Ghaeltachta.

Bhí dhá cháilíocht sa Luath-Fhoghlaim agus Cúram dhá chéim ar Leibhéal 5 agus Leibhéal 6 QQI ar na cláir nua a forbraíodh don bhailíochtú in 2021, rud ba phróiseas comhoibritheach leis na sé cinn déag de ETBanna. Baineadh bailíochtú seachtrach ETB Dhún na nGall amach i Meitheamh 2021 agus tosaíodh ar leagan píolótach VTOS den chúrsa Leibhéal 5 i Meán Fómhair 2021.

Rinneadh forbairt chomh maith ar Dhámhachtain Sainchuspóra Leibhéal 6 sna Cleachtais Foghlama Obair-Bhunaithe i gcomhar le IBEC agus cuireadh sin isteach i ndeireadh 2021 le haghaidh bailíochtú deiridh le QQI ag deireadh PAEC mhí Feabhra 2022. Seo é an chéad chlár a rinne ETB Dhún na nGall a fhorbairt don bhailíochtú ag QQI leis na struchtúir nua rialachais agus de réir na nósanna imeachta nua ag QQI maidir le bailíochtú ar cháilíochtaí.

Ag deireadh 2021 bhíothas go maith i mbun oibre chomh maith ar an phróiseas dearbhaithe do cháilíochtaí nua Leibhéil 1 & 2 City & Guilds sa Gharraíodóireacht, rud a fhágfaidh go mbeidh tuilleadh solúbthachta ann maidir le soláthar cúrsaí gearrthéarmacha a sholáthar agus a chuirfidh teastasú ar fáil ag leibhéal dámhachtana, diplóim agus teastais don soláthar lánaimseartha agus páirtaimseartha ar aon. Beifear in ann na cáilíochtaí seo a chur in oiriúint do chúrsaí le BTEI, STA agus STC nó is féidir iad a chomhtháthú mar chomhchodanna de Chúrsaí Oiliúna nó eile. Tugann na cáilíochtaí seo deis ar chonairí chun cinn taobh istigh de gach leibhéal agus idir eatarthu.

Ar an obair eile a bhí ar láimh i ndeireadh 2021 bhí faomhadh an chomhlachta dámhachtana a chur chun cinn le Tionscal na Mótár (IMI) maidir le teastasú Leibhéil 1 go 3 ar Fheithicil Hibrideach Leictreach. Is féidir go gcuirfear na cláir seo ar fáil mar fheabhsú ar an soláthar do Phrintíseacht Leibhéal 6 Mótarfheithicle chomh maith le soláthar STA do fheabhsú scileanna fostaithe taobh istigh d’earnálacha na Mótarfheithiclí agus na Seirbhísí Éigeandála.

Glór na nDaltaí FET

--

Rinne an fhoireann QA óstáil ar Sheó Bóthair Ghlór na nDaltaí le linn na seachtaine dar tús an 29 Nollaig 2021, arbh é an dara himeacht bhliantúil dírithe ar éisteacht le tuairimí daltaí agus iad a bhailiú le chéile, maidir le heispéireas sheirbhís ETB Dhún na nGall FET. Le linn na seachtaine, bhí 147 dalta FET san iomlán, ó gach cuid den tseirbhís, páirteach sna seisiúin ar líne.

Le linn na seisiún, bhí na rannpháirtithe spreagtha go maith, agus thug siad léargais luachmhara agus braistintí ábhartha tábhachtacha; ar an iomlán bhí siad dearfach faoina n-eispéireas mar dhaltaí FET ETB Dhún na nGall. Ar aon dul leo siúd a ghlac páirt i bhFóram na nDaltaí 2020, rinne an cohórt seo de dhaltaí cur síos ar a luachmhaire acu atá na deiseanna labhairt amach agus thug siad roinnt moltaí i dtaca le feabhsúchán. Bhí trácht shuntasach ar an tacaíocht a fuair siad óna múinteoirí agus a n-oidí, agus óna chéile chomh maith. Rinneadh trácht ar an tacaíocht a bhí ar fáil ón tSeirbhís Treorach d'Aosaigh, an chomhairleoireacht agus chomhairle maidir le dul chun cinn gairmiúil. Is iomaí duine páirteach a dúirt gur mhór acu an deis fillleadh ar an seomra ranga, agus luaigh gur mhothaigh siad breis muiníne i ngeall ar an tacaíocht a bhí ar fáil ón mhuintir thart orthu. Maidir leis an teagasc agus foghlaim, bhíothas dearfach den chuid is mó; mar sin féin luaigh líon beag freagróirí go gcaitear an iomarca ama ar thascanna agus gur chóir tuilleadh ama a chaitheamh ar an fhoghlaim. Ar na moltaí eile bhí leagan hibrideach den soláthar ina mbeadh an teagasc fisiciúil agus ar líne i gceist, arna fheabhsú le hacmhainní ar nós físeán.

Tá le tuigbheáil ón méid aiseolais a tháinig isteach gur suntasach an bród a bhíonn ar chuid mhór daltaí agus iad ag críochnú cúrsa FET ach gur mór an t-ionchas acu chomh maith i dtaca le foireann, cláir agus acmhainní na seirbhíse FET, agus gur féidir, dar leo, feabhsú i réimsí áirithe.

Ar an iomlán, is mór an tábhacht a bheidh le hacmhainn na Seirbhíse FET éisteacht lena daltaí agus cumarsáid a dhéanamh leo, má táthar le córas láidir comhtháite deimhnithe cáilíochta a chur i bhfeidhm agus an t-eispéireas foghlama ardcháilíochta a chur ar fáil, mar is mian leis na daltaí.

Bainistiú Sonraí FET

Cheap FET Dhún na nGall Oifigeach Tuairiscthe Córas agus Sonraí FET i mí na Samhna 2020 leis an dualgas bainistiú a dhéanamh ar an MIS (Córas Bainistithe Faisnéise) taobh istigh den tSeirbhís FET. Rinne tuarascáil Féin-Mheasúnaithe QA a rinneadh in 2021 an deis a aibhsiú maidir le tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar bhealaí níos éifeachtaí chun sonraí a úsáid mar bhonn eolais don soláthar FET, lena n-áirítear rochtain, aistriú agus dul chun cinn, agus monatóireacht agus luacháil. D'iarr oifigeach Cumarsáide ETB Dhún na nGall tuilleadh sonraí chomh maith le gur fearr a chuirfí an pobal, daltaí agus an fhoireann reatha ar an eolas faoi thorthaí FET.

In 2021 chuir SOLAS roinnt ceadúnas Tableau, ardán anailíse físiúla ar fáil do ETB Dhún na nGall; tá an teastasú ar Shaineolas Barr Deisce bainte amach ag an Oifigeach Tuairiscthe Córas agus Sonraí agus is ball é chomh maith den churadh-ghrúpa náisiúnta Tableau, rud a chinnteoidh go mbainfimid dícheall úsáide as Sonraí le gur fearr an t-eolas a bheas laistiar de na cinntí.

Go háitiúil, bhí cruinnithe rialta le linn 2021 ag an ghrúpa oibre ar Bhainistiú Sonraí chun cur chuige a fhorbairt i dtaca le hanailís agus tuairisciú a dhéanamh ar shonraí in Córas Tacaíochta Foghlaimeoirí an Chláir (PLSS) agus sonraí a roinnt chun na feabhsuithe a thiomáint. Rinneadh anailís théamúil chun tosaíochtaí a dhéanamh maidir leis an obair a chuirfí i gcorích agus plean chun sonraí 2021 a úsáid mar bhonnlíne le haghaidh tagarmharcála agus anailíse amach anseo. Ar na croí-riachtanais a sainaithníodh, agus téamaí a bhí ag teacht chun tosaigh le linn 2021, bhí an riachtanas ar daischlár idirghníomhach don tuairisciú rialta; bainistiú agus tuiscint níos fearr ar chothabháil foghlaimeoirí ar PLSS; an riachtanas le sonraí mar bhonn eolais d'athbheithnithe ar chlár; an riachtanas le sonraí ó thuairimí daltaí chun ár soláthar a fheabhsú.

Bord Dearbhaithe Teastasaithe FET (CAB)

Le linn 2021, lean an Bord Dearbhaithe Teastasaithe (CAB) FET den fhorbairt a dhéanamh ar nósanna imeachta a tugadh isteach an chéad uair in 2020, a d'fhág go rabhthas ábalta dul ar aghaidh le feidhmeanna dearbhaithe ar líne. D'oibir CAB go dlúth leis an Chomhairle Cháilíochta chun forbairt a dhéanamh ar theimpléad tuairscithe orgánach a chuireann forléargas rialta ar fáil don CC maidir le figiúirí teastasaithe chomh maith le saincheisteanna nó réimsí dea-chleachtais.

Rinneadh forbairt ar theimpléid thuairiscithe caighdeánacha atá anois in úsáid ar fud na seirbhíse FET le haghaidh cúrsaí a chur faoi bhráid CAB. Le linn na bliana, rinneadh iarrachtaí aiseolas a chur ar fáil ó thuairiscí Fíordheimhniithe Seachtraigh (EA) ar bhealach córasach oiriúnach don fhoireann; bíonn an t-aiseolas seo dírithe ar réimsí imní ach aibhsíonn chomh maith tuairimí dearfacha faoin dea-chleachtas a luann an EA. In éineacht leis an aiseolas seo, rinneadh forbairt ar phróiseas chun tacú le hoidí sa chás gur shainaithin tuairisc EA leis an CAB go bhfuil an riachtanas ann tacaíocht aonair nó grúpa a chur ar fáil i réimse faoi leith. Déantar an t-aiseolas seo a bhailiú agus a chur faoi bhráid na foirne QA a d’eagraigh agus a chuir ar fáil FGL shainiúil, ar líne agus sna hionaid féin, le linn 2021 bunaithe ar théamaí comónta. Téama amháin díobh sin ná an éagsúlacht ar chaighdeán fianaise foghlaimeoirí a bhíodas a chur ar fáil; i ndiaidh moladh theacht ón CAB chuig an fhoireann QA, rinneadh forbairt ar phróiseas chun caighdeánú a dhéanamh ar chur i láthair na fianaise digití. Tá píolótú á dhéanamh i láthair na huaire ar an phróiseas seo ag RPL agus BTEI.

Cigireachtaí na Roinne Oideachais in 2021:

Scoil	Dáta
Gairmscoil na Mainistreach	25 Bealtaine 2021
Coláiste Magh Ene	18 Bealtaine 2021
Gairmscoil Chú Uladh	21 Bealtaine 2021
Coláiste na Maoile Rua	02 Noll 2021
Gaelcholáiste Chineál Eoghain	07 Noll 2021
Gairmscoil Mhic Diarmada	10 Noll 2021

Teagasc agus Foghlaim



Tosaíocht 6

Rannpháirtíocht i Scéim Aitheantais mar Scoil Ghaeltachta (ceithre scoil) trí chur le húsáid agus cothabháil na Gaeilge sa scoil agus sa phobal Gaeltachta áitiúil.

Toradh


Tá Plean Gníomhaíochta Feabhsúcháin forbartha a leagann amach an dóigh a bhfuil sé ar intinn ag an scoil na critéir theangabhunaithe a chomhlíonadh.

Tá na ceithre scoil gafa leis an Ghaeilge a chur chun cinn mar chuid den Scéim Aitheantais mar Scoil Ghaeltachta. Bhí freagairt an-dearfach ó mhúinteoirí, dhaltaí agus tuismitheoirí maidir le pleananna úsáid na Gaeilge a fhorbairt sna ceithre scoil - Coláiste Phobail Cholmcille, Oileán Thoraí, Gairmscoil Mhic Diarmada, Oileán Arainn Mhóir, Gairmscoil Chu Uladh, Béal an Atha Móir agus Coláiste na Carraige

Tá beagán imní i dtólamh sna scoileanna nach mbeidh tacaíocht iomlán acu ó tuismitheoirí agus ó dhaltaí. Mar sin féin bhí na scoileanna sásta, ainneoin roinnt dúshlán, leis an aiseolas dearfach a tháinig leis an Ghaeilge a mhéadú sna seomraí ranga agus sa chumarsáid go ginearálta. Tá béim bhreise curtha ar fhoireann a earcú a bhfuil Gaeilge mhaith acu leis an obair leanúnach seo a fhorbairt a thuilleadh.

Eochairthéama 2

Eagraíocht Fhorásach, Chuntasach



Tosaíocht 7

Na struchtúir eagrúcháin úra a chur i bhfeidhm lena chur ar chumas ETB Dhún na nGall feidhmeanna nua agus feabhsaithe a chur i gcrích.

Toradh

Eagraíocht atá in ann seirbhís a sholáthar a bhaineann le feidhmeanna nua agus feabhsaithe do ETBnna a bhaineann le hoideachas, oiliúint agus riarachán.

Struchtúr Eagrúcháin

--

Cuireadh cás gnó faoi bhráid na Roinne Oideachais (RO) tamall ó shin ag lorg foirne agus acmhainní breise a chreideann ETB Dhún na nGall atá riachtanach chun a chuid oibre a chur i gcrích agus a dhualgais reachtúla go léir a chomhlíonadh. Leagtar amach sa chás gnó na dúshláin atá roimh an ETB, réitigh mholta, agus leagtar amach ann na rioscaí a bhaineann le leanúint ar aghaidh ag feidhmiú gan na hacmhainní a iarrtar. Leanann ETB Dhún na nGall ag obair le Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (ETBI), a dhéanann ionadaíocht ar ETBnna, chun plé a dhéanamh leis an Roinn Oideachais chun iarracht a dhéanamh an t-ábhar sin a chur chun cinn faoi chéim a dó de na Struchtúir Dearaidh Eagraíochta úra do ETBnna. Ar an drochuair, níl aon dul chun cinn déanta ina leith sin go dtí seo.

Tá trí (3) Fóraim Stiúrthóirí ann atá á n-óstáil faoi ETBI - Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta (OSD); Scoileanna; agus Breisoideachais agus Oiliúint (FET), a bhíonn ag tuairisciú d'Fhóram an Phríomhfheidhmeannaigh. Lean siad orthu ag teacht le chéile go rialta i rith na bliana agus d'aontaigh siad straitéisí agus struchtúir tuairiscithe líonra do na catagóirí éagsúla d'fheidhmeanna an ETB. D'oibrigh na fóraim sin ar roinnt tionscnamh agus é mar aidhm acu leanúint ar aghaidh ag forbairt an dea-chleachtais ar fud na heagraíochta agus na hearnála..

Laistigh d'ETB Dhún na nGall, tionóladh cruinnithe rialta de roinnt coistí inmheánacha lena n-áirítear: Grúpa an Phríomhfheidhmeannaigh agus na Stiúrthóirí; An Fóram Feidhmiúcháin faoi Stiúrthóir OSD, na grúpaí do Phríomhoidí agus do Leas-Phríomhoidí faoin Stiúrthóir Scoileanna; na bainisteoirí sinsearacha FET agus foirne comhordaitheoirí faoin Stiúrthóir FET; an grúpa Maoinithe agus Pleanála FET, atá comhdhéanta de bhainistíocht shinsearach ó OSD agus FET chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna ilréimsiúla a bhaineann le maoiniú SOLAS agus nithe eile, agus an grúpa FET Buildings a chuimsíonn ionadaithe ó OSD agus FET araon agus a thugann aghaidh ar ábhair a bhaineann le riachtanais tógála agus cóiríochta laistigh de FET. Tá Foireann Freagartha COVID-19 i bhfeidhm ó thús na paindéime agus oibríonn sí i gcomhar le hIonadaithe Príomhoibrithe chun an Plean Freagartha Sábháilteachta san Ionad Oibre a chur i bhfeidhm (féach an chuid chorparáideach níos déanaí sa tuarascáil seo).

Tá comhlacht lárnach, Seirbhísí Gnó Comhroinnte Oideachais (ESBS) curtha ar bun ag an RO a dhéanfaidh maoirseacht sa todhchaí ar íocaíochtaí párolla agus ar íocaíochtaí daltaí. Tá an t-aistriú chuig ESBS ar siúl. In 2020 ghlac ESBS freagracht as íocaíochtaí le Printísigh faoi Chéim a haon d'aistriú íocaíochtaí daltaí, agus in 2021 tugadh faoi obair shuntasach ar íocaíochtaí a aistriú chuig gach foghlaimeoir FET eile, agus bhí sé beartaithe go n-aistreoidh íocaíochtaí do na foghlaimeoirí eile seo go ESBS i mí Feabhra 2022. Tá rannpháirtíocht le ESBS ar siúl faoi láthair maidir leis an aistriú párolla, atá beartaithe faoi láthair in 2023, agus cuireadh tús le hobair ullmhúcháin ar an tionscadal sin le linn 2021 le ceapadh ceannaire tionscadal aistrithe agus le bunú meitheal saineolaithe ábhair.

Éiteas

--

Tá Tús curtha ag Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall leis an phróiseas chun Éiteas an ETB a rolladh amach ar fud a 15 iar-bhunscoil agus coláiste. Is cuid de thionscnamh náisiúnta níos leithne é seo ina bhfuil gach ETB páirteach. I mí Eanáir 2021 ceapadh comhordaitheoir le bheith i gceannas ar an tionscnamh agus le bheith ag obair go díreach le scoileanna.

Cad é an rud é Éiteas?

--

Go bunúsach, is é is éiteas ann an dóigh a mairimid, a n-oibrímid agus a mbainimid lena chéile inár bpobal scoile. Cé go gcuimsíonn sé an curaclam agus an dóigh a múintear é, tá éiteas níos leithne ná sin. Baineann sé fosta le croíluachanna comhroinnte, an curaclam ceilte, próisis chinnteoireachta agus na caidrimh a thacaíonn le saol laethúil na scoile. Tá an próiseas chun croíluachanna agus éiteas a aithint ag teacht chun cinn le deich mbliana anuas. Tá gach scoil ETB ina scoil Stáit, Chomhoideachais agus Ilchreidmheach. Tá na croíluachanna Sármhaitheas san Oideachas, Cúram, Meas, Comhionannas agus Pobal mar bhonn agus mar thaca ag éiteas ETB.

Éiteas ETB a leabú ar fud ár scoileanna go léir

--

Bunaíodh Líonra Foghlaim Ghairmiúil don Éiteas ar a bhfuil ionadaí amháin ó gach scoil de chuid ETB Dhún na nGall. Lena chois sin, tá Foireann Ceannaireachta Éiteas ceaptha ag gach scoil chun an rolladh amach a bhainistiú go háitiúil. Díródh in 2021 ar fheasacht agus tuiscint ar éiteas ETB a ardú le gach ball de phobal na scoile. Sna blianta amach romhainn, díreofar i dtreo éiteas agus croíluachanna ETB a leabú i ngach gné de shaol na scoile. Chuaigh ETBI i gcomhairle go forleathan ar fud na hearnála agus chuir sé Creat éiteas le chéile. Leagtar amach éiteas an ETB sa doiciméad seo agus sonraítear ann na caighdeáin ar cheart do gach scoil ETB a ndícheall a dhéanamh ina leith. Beidh sé seo ina phointe tagartha tábhachtach i gcónaí do na Foirne Ceannaireachta Éiteas scoilbhunaithe.

Forbairtí Gaeilge

--

Tá Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ann leis an Ghaeilge a chur chun cinn chun críocha oifigiúla sa stát, trí chumarsáid a dhéanamh leis an phobal agus seirbhísí a chur ar fáil dó. Tá dualgas ar gach comhlacht poiblí atá ainmnithe faoin Acht scéim teanga a ullmhú nuair a iarrann an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta air nó uirthi déanamh amhlaidh faoi alt 11 den Acht.

Is le mórtas a rinne ETB Dhún na nGall tógáil a scéime Gaeilge 2021-2023 a nuashonrú, mar is gnách, ar úsáid na Gaeilge laistigh den eagraíocht.

In 2021 chuir muid réimse leathan ranganna Gaeilge ar fáil arís. Reáchtáladh ranganna ar leibhéil agus ag láithreacha éagsúla - ó Leitir Ceanainn go dtí chomh fada siar le hOileán Thoraí agus Oileán Árainn Mhóir. Nuair ab fhéidir , bhí na ranganna ar bhonn pearsanta sa seomra ranga, ach ar líne nuair a tháinig an gá chun cinn ó Eanáir go dtí an Cháisc, agus glacadh go fiormhaith leo uile go léir.

Chuir an phaindéim ar ár gcumas mar Bhord díriú ar chreidiúnú le Teastas Eorpach na Gaeilge. Rinneadh é sin a sheachadadh ag trí leibhéal éagsúla, A2 go B1 agus B2. Ós rud é go raibh na ranganna seo ar líne, bhí daoine ó áiteanna eile sa tír, a raibh spéis acu i gcanúint Uladh, in ann freastal orthu. D'fhág sé sin gurbh fhéidir freastal ar fhoghlaimeoirí Gaeilge i Londain agus i gCorcaigh - chomh maith le hÁrainn Mhór agus An Clochán Liath.

Lean muid lenár gcuid oibre le grúpaí pobail agus leis na hOifigigh Phleanála Teanga chun ranganna a eagrú agus a fhógairt. Taobh amuigh den Ghaeltacht táimid ag obair le Líonra Leitir Ceanainn chun an Ghaeilge a chur chun cinn i Leitir Ceanainn mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta agus táimid inár mbaill de Bhord Líonra.

Rinneadh seachtain na Gaeilge a cheiliúradh ar fud na heagraíochta agus mar chuid de Sheachtain na Gaeilge, cuireadh ceithre 'Ceachtanna Beaga', a d'fhorbair an tseirbhís Litearthachta d'Aosaigh agus a dhírigh ar ghramadach na Gaeilge, le seinnliostaí 'Little Lessons' ar YouTube.

Tá ETB Dhún na nGall ina bhall den tionscadal oideachas aosach 'Breacadh', a fhreastalaíonn ar Bhoird Oideachais agus Oiliúna a chlúdaíonn ceantar Gaeltachta. Leanadh le forbairt scéim fónaice do na canúintí éagsúla i gcomhar le Foras na Gaeilge agus an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta. Is tionscadal an-tábhachtach é seo agus scaiptear acmhainní foghlama 'Breacadh' go rialta ar scoileanna agus ar chláir oideachais an Bhoird ar fud an Chontae.

Ar Choláiste na Carraige, atá anois don tríú bliain ar cheann de na hiar-bhunscoileanna atá rannpháirteach i Scéim Aitheantais mar Scoil Ghaeltachta, bítear ag múineadh Matamaitice, Corpoideachais agus Staire trí mheán na Gaeilge anois.

Chuir Lá Ionductaithe bliantúil ETB Dhún na nGall modúl ar theagasc trí Ghaeilge ar fáil arís do mhúinteoirí atá ag múineadh inár nGaelcholáistí agus inár scoileanna Gaeltachta.

Eagraíocht Fhorásach, Chuntasach



Tosaíocht 8

Athbhreithniú leanúnach ar riachtanais reachtúla agus rialachais oibríochtaí ETB Dhún na nGall agus cur i bhfeidhm na dtorthaí a chinntiú.

Toradh

Lánchomhlíonadh na gceanglas reachtach agus rialachais go léir a bhaineann le ETB Dhún na nGall.

Comhlíonadh

Lean ETB Dhún na nGall air ag cuimhneamh ar a chuid oibleagáidí i dtéarmaí reachtaíochta agus rialachais in 2021. Glacadh céimeanna breise le linn 2021 chun comhlíonadh an Chóid Chleachtais um Rialachas ETB a fheabhsú (CL 0002/2019). Cuireadh gach gníomh riachtanach i bhfeidhm ag cruinnithe Boird agus ag cruinnithe dá choiste um Iniúchóireachta agus Measúnú Riosca, Coiste Airgeadais, Boird Bhainistíochta Scoile, agus Coiste Oibre Ógra. Chinntigh an ETB fosta gur chloígh sé leis an Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, agus le reachtaíocht eile, chomh maith le riachtanais na gCoimisinéirí Ioncaim.

An Coiste um Iniúchóireachta agus Measúnú Riosca

Tháinig an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca (ARC), lena chomhdhéanamh de thriúr comhaltaí Boird ETB agus cúigear comhaltaí seachtracha, le chéile ceithre huaire le linn 2021.

Tá ARC freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar an Fheidhmeannas maidir leis an dóigh a gcomhlíonann sé a chuid feidhmeanna. Feidhmíonn sé faoi Théarmaí Tagartha atá faofa ag Bord an ETB. Le linn na bliana, tugann ARC athdhearbhú do Bhord an ETB faoi éifeachtacht na bpróiseas rialú inmheánach. Bhí rochtain ag ARC ar thuarascálacha ón bhainistíocht; iniúchadh seachtrach ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste; agus iniúchtaí inmheánacha ag an Aonad um Iniúchóireacht Inmheánach – ETBnna. Ina dhiaidh sin, fuair Bord an ETB tuairiscí ar chruinnithe ARC. Chuir an Bord torthaí agus moltaí ARC san áireamh agus na Ráitis Airgeadais Bhliantúla á gceadú agus an Ráiteas ar Rialú Inmheánach á ghlacadh.

Rinne ARC athbhreithniú féinmheasúnaithe le linn 2021 fosta agus cuireadh torthaí an athbhreithnithe sin faoi bhráid an Bhoird.

An Coiste Airgeadais

Triúr comhaltaí Boird agus ceathrar comhaltaí seachtracha atá ar an choiste Airgeadais agus tháinig siad le chéile ceithre huaire le linn 2021. Lean an Coiste air a bheith freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar ioncam agus ar chaiteachas an Bhoird, feidhmíocht i gcomparáid leis an bhuiséad, agus ar ghnéithe airgeadais den phlean Oideachais agus de phlean na Seirbhíse Oiliúna araon. Fuair Bord an ETB miontuairiscí chruinnithe an Choiste Airgeadais lena mbreithniú agus chun cabhrú le comhaltaí an Bhoird a chinntiú go raibh na pleananna sin á gcur i bhfeidhm.

Déanann an Coiste athbhreithniú bliantúil fosta ar ghnéithe airgeadais den Phlean Seirbhíse Bliantúil agus molann sé iad do Bhord an ETB lena gcur san áireamh mar chuid den Phlean Seirbhíse Bliantúil foriomlán nach mór a chur faoi bhráid na Roinne Oideachais (RO) faoin 1 Márta gach bliain. Tionóltar comhchruinniú leis an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca gach bliain i mí an Mhárta fosta chun athbhreithniú a dhéanamh ar na Ráitis Airgeadais Bhliantúla (AFS) agus chun moladh do Bhord an ETB iad a cheadú roimh an spriodhata chun an dréacht AFS a chur faoi bhráid an RO faoin 1 Aibreán.

Rinne an Coiste athbhreithniú féinmheasúnaithe le linn 2021 agus cuireadh torthaí an athbhreithnithe sin faoi bhráid an Bhoird.

Bainistíocht Riosca

Tá cur chuige ETB Dhún na nGall i leith bainistíocht riosca treoraithe ag na prionsabail atá leagtha amach i gCuid 7 den Chód Cleachtais um Rialachas ETB (CL 0002/2019). Leanadh den obair i rith 2021 maidir le hathbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar na Cláir Riosca do Chorporáidí, Scoileanna agus FET, a ndéanann an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca breithniú orthu. Forbraíodh Cláir Riosca Oibriúcháin do réimsí ETB lena n-áirítear Airgeadas, Soláthar, TFC, AD, Seirbhísí Corparáideacha, Seirbhísí Foirgníochta agus Bainistíocht Eastát agus Sláinte agus Sábháilteacht agus déantar iad a nuashonrú go rialta. Tríd an obair sin leantar le feachtas a ardú maidir le réimse iomlán na bainistíochta riosca. Rinneadh cláir riosca a nuashonrú in 2021 fosta ionas go leanfaí de thionchar COVID-19 ar bhainistíocht riosca a mheas.

Rialú Inmheánach

Faoi Alt 7.4 den Chód Cleachtais um Rialachas na mBord, tá an Bord freagrach as a chinntiú go ndéantar córais éifeachtacha rialú inmheánach a thionscnamh agus a chur i bhfeidhm. In 2021, rinne comhaltaí Boird, le cuidiú ón Choiste Airgeadais, athbhreithniú ar an dóigh ar fheidhmigh cláir an ETB maidir le spriocanna agus buiséid. Rinne an Bord a athbhreithniú bliantúil ar rialuithe inmheánacha fosta agus bhreithnigh sé tuarascáil ón Choiste Iniúchóireachta agus Measúnú Riosca maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha le linn 2020. Cheadaigh an Bord an Ráiteas Bliantúil ar Rialú Inmheánach a cuireadh san áireamh sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla don bhliain 2020.

In 2021, d'fhorbair ETB Dhún na nGall rianaitheoir iniúchadh inmheánach chun feabhas a chur ar a chumas monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i dtreo chur i bhfeidhm thorthaí agus mholtaí an Aonaid um Iniúchóireacht Inmheánach.

Lean ETB Dhún na nGall ar aghaidh ag cur san áireamh an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag athruithe ar chleachtais oibre a d'eascair as tionchar COVID-19 ar an chóras rialú inmheánach.

Déileáladh leis na hiniúchtaí seo a leanas le linn 2021:

- An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste (C&AG): iniúchadh ar chuntais don bhliain dar chríoch 31ú
- Nollaig 2020
- An tAonad um Iniúchóireacht Inmheánach (IAU) - ETBnna: Athbhreithniú ar iniúchadh roimhe seo ar Oiliúint ar Conradh
- (IAU) ETBnna: Acmhainní Daonna
- (IAU) ETBnna: Soláthar (Tús 2020)
- (IAU): Athbhreithniú ar Iniúchtaí Inmheánacha roimhe seo (cuireadh tús leis in 2020)
- YR YEI 2017 - Iniúchadh Údarás Iniúchóireachta CSE/ESF (ar cuireadh tús leis in 2020).
- Oiliúint do Dhaoine Dífhostaithe – CSE/ESF Airteagal 125.
- Iniúchadh Fíoraithe CSE/ESF - BTEI, Litearthacht Daoine Fásta agus YR 2019.

Oiliúint do chomhaltaí an Bhoird, ARC agus Coistí Airgeadais

Chuir an Institiúid Riaracháin Phoiblí seisiún oiliúna ar líne ar fáil do chomhaltaí an Bhoird, ARC agus an Coiste Airgeadais an 15 Nollaig, 2021. Dhírigh an seisiún ar rialachas, chomh maith le bainistíocht airgeadais agus riosca.

Cosaint Leanaí

Deimhníonn ETB Dhún na nGall go bhfuil Polasaí um Chosaint Leanaí i bhfeidhm aige don eagraíocht, a forbraíodh de réir Níosanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017 (Níosanna Imeachta maidir le Cosaint Leanaí) mar a foilsíodh ag an Roinn Oideachais.

Soláthar

Táimid tiomanta do chur chuige straitéiseach a sheachadadh maidir le Soláthar trí luachanna na Trédhearcachta, na Córa Comhionainne, an Neamh-Irdhealaithe agus na Comhréireachta a chaomhnú. Tá sé riachtanach go gcaitear cistí rialtais ar bhealach a bhaineann an luach is mó ar airgead amach, a chloíonn le polasaí an rialtais, treoirlínte náisiúnta agus Treoracha an AE, agus a sholáthraíonn seachadadh inbhuanaithe seirbhísí ag an am céanna..

Tá ETB Dhún na nGall tiomanta dá sholáthar a fheidhmiú faoin tsamhail náisiúnta soláthair atá comhaontaithe ag an Rialtas, agus faoi phrionsabail an rialachais corparáidigh a leagtar amach sa Chód Cleachtais um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna (CL 0002/2019). Éilíonn an cód cleachtais seo go gcuirfear an Plean Soláthair Corparáideach i gcrích, le tacaíocht ó tháirgeadh an Phlean Soláthair Ilbhliantúil nó 'MAPP'. Is nasc riachtanach é an plean i soláthar conarthaí agus creataí inbhuanaithe, atá oiriúnach don fheidhm. Leagann an CPP amach cur chuige straitéiseach an Bhoird maidir le soláthar. Tríd an treoir atá leagtha amach sa cháipéis sin a leanúint, táimid ag cuidiú le ETB Dhún na nGall cloí leis an ghné soláthair den Chód Rialachais agus an luach is fearr ar airgead a bhaint amach don cháiniócóir.

I gcásanna nach bhfuil meicníocht chuí i bhfeidhm ag an tsamhail soláthair náisiúnta le haghaidh ceannach ar leith (creat/íostarraingt), tá sé i gceist ag ETB Dhún na nGall cloí leis na treoirlínte ábhartha maidir le soláthar poiblí atá ar fáil ó [shuíomh gréasáin an OGP](#) agus le polasaithe agus nósanna imeachta arna gcomhaontú ó thaobh earnála de atá ar fáil ó [shuíomh gréasáin an ETBI](#).

De réir Chiorclán 10/14: Tionscnaimh chun cabhrú le FBManna sa Soláthar Poiblí, féachann ETB Dhún na nGall le rannpháirtíocht a spreagadh ar bhonn cóir agus cothrom ag fiontair bheaga agus mheánmhéide, trí struchtúr 'crannchuir' a chur i bhfeidhm nuair is féidir, trí rannpháirtíocht le hoifig Fiontar Áitiúil Dhún na nGall, rannpháirtíocht sa mhargadh agus fógraíocht.

Tá soláthar ag ETB Dhún na nGall ag obair i dtreo leibhéal chomhlíonta a mhéadú agus luach ar airgead a bhaint amach ag an am céanna. Tá sé mar aidhm againn plé leis na páirtithe leasmhara go léir chun luach a chur le ETB Dhún na nGall trí sholáthar

Eagraíocht Fhorásach,
Chuntasach

Tosaíocht 9

Ag eascairt as comhtháthú leanúnach na seirbhísí oideachais agus oiliúna agus as cur i bhfeidhm Thionscadal na Seirbhísí Comhroinnte chun tosaíochtaí eagraíochtúla agus róil chomhfhreagracha poist a athshainiú.

Toradh

Fianaise shoiléir ar chórais éifeachtacha, caidrimh oibre agus róil phoist laistigh d'ETB Dhún na nGall.

Tugann Roinn Acmhainní Daonna (AD) ETB Dhún na nGall tacaíocht i roinnt réimsí, Ina measc:

- Acmhainní /leithdháileadh foirne AD
- Earcaíocht agus roghnú
- Oibríochtaí AD a chuimsíonn People XD agus córas éilimh ar líne PTT don fhoireann
- Pinsin/Aoisliúntas
- Sláinte agus folláine fostaithe
- Bainistíocht conartha
- Oiliúint agus forbairt
- Caidreamh Tionsclaíoch

Acmhainní/leithdháileadh foirne AD

Leithdháileadh foirne teagaisc: Ba é leithdháileadh deiridh Múinteoirí ETB Dhún na nGall don bhliain acadúil 2021/2022 508.83 coibhéis lánaimseartha de réir ciorclán ón Roinn Oideachais (RO).

Leithdháileadh foirne riaracháin

Faomhann an RO leithdháiltí foirne riaracháin ar bhonn:

- foirmlí comhaontaithe maidir le riarthóirí scoilbhunaithe
- comhaontuithe idir an RO agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- Cláir FET

Leithdháileadh foirne cothabhála

--
Leagann an Roinn Oideachais amach na critéir maidir le leithdháileadh foirne cothabhála in iar-bhunscoileanna ar bhonn rollú scoláirí. Rinne an Roinn Acmhainní Daonna athbhreithniú bliantúil ar leithdháileadh na Foirne Cothabhála agus nuair a bhí méaduithe i gceist chuir an Roinn AD comhairle ar an Roinn dá réir.

Cláir FET

--
Tugann an DFHERIS comhairle maidir le líon na mbaill foirne cothabhála bunaithe ar rollú na ndaltaí, agus cuireann sé AD ar an eolas faoi athruithe. Maidir le baill foirne neamhtheagaisc i gcoitinne, tá leibhéil foirne cheadaithe ag an ETB. Seolann AD tuairisceáin chuig an RO gach ráithe.



Earcaíocht agus Roghnú

Líonadh 105 cheapachán san iomlán trí phróisis fhoirmiúla earcaíochta sa bhliain féilire 2021 i réimse post ar bhonn buan, téarma seasta, críoch shonraithe agus gníomhach.

Poist Teagaisc	49	Oifigeach um Chaighdeán Oiliúna FET	1
Ceannaireacht agus bainistíocht i scoileanna (lena n-áirítear poist freagrachta, TBSP agus Comhordaitheoir Clár)	24	Cúntóirí Riachtanas Speisialta	4
Príomhoide/Leas-Phríomhoide	3	Poist Críochnaithe Scolaíochta (Feidhmíonn ETB Dhún na nGall mar Ghníomhairí do Choistí Bainistíochta Áitiúla SCP)	2
Poist Chléireachais agus Riaracháin (Gráid III go Grád VII)	7	Foireann Choimhdeach	4
Grád Áisitheoir Oideachas Pobail (SCE)	2	Duine Acmhainne Cumasóige	3
Comhordaitheoir Treorach um Oideachas d'Aosaigh	1	Oifigeach Forbartha Tionscadal FET	1
Oideachasóir Aosach BTEI	4		

Cothromaíocht oibre is saoil agus iarratais ar shaoire reachtúil
Tinne an Roinn Acmhainní Daonna 190 iarratas ar Chothromaíocht Oibre is Saoil a phróiseáil in 2021 mar seo a leanas.

Saoire Mháithreachais	31	Postroinnt	52
Saoire Thuismitheoireachta	24	Comhroinnt Oibre	19
Ar Iasacht	6	Sos Gairme	14
Saoire Cúramóirí	3	Saoire Atharthachta	7
Saoire Do Thuismitheoirí	34		



Pinsin/Aoisliúntas

Aoisliúntas agus sochair scoir

--

Seo roinnt sonraí maidir le rannóg Pinsean an ETB in 2021, ag tosú le hainmneacha na scéimeanna éagsúla:

- Scéim Aoisliúntais múinteoirí na mBord Oideachais agus Oiliúna, 2015
- Scéim Aoisliúntais na hEarnála Oideachais, 2015
- Scéim Pinsin Aonair na hEarnála Poiblí, 2012
- Scéim Dhúnta FÁS
- Scéim Oscailte FÁS


Líon na ndaoine a chuaigh ar scor in 2021	16
Líon nuashonraithe na ndaoine ar scor ag deireadh 2021	318

Oiliúint agus forbairt

Tionscnaíodh an Oiliúint agus an fhorbairt seo a leanas go sonrach trí Pholasaithe Oiliúna agus Forbartha ETB Dhún na nGall

Colún	Líon na bhFostaithe	Catagóir
Scoileanna	18	Iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta
Scoileanna	1	Ceannaireacht agus Bainistíocht
Scoileanna	2	Bainteach le hÁbhar
Scoileanna	2	Oiliúint i réimse na Riachtanas Speisialta
FET	1	Tacú le Daltaí faoi Mhíchumas
TFE/OSD	1	Cosaint Sonraí / Soláthar
TFE/OSD	17	Teicneolaíocht Faisnéise
TFE/OSD	14	Tionscnamh Scileanna le Dul Chun Cinn (Teastas i mBainistíocht Ceannaireachta) creidiúnaithe ag an Institiúid Ceannaireachta agus Bainistíochta.
TFE/OSD	8	Bainistíocht Tionscadail
TFE/OSD	1	Dioplóma i nDlí Fostaíochta

Eagraíocht Fhorásach, Chuntasach



Tosaíocht 10

Réimse deiseanna agus tacaíochtaí foghlama do bhaill foirne a chur ar fáil chun acmhainn eagrúcháin a fhorbairt agus cáilíocht an tsoláthair oideachais agus oiliúna a fheabhsú.

Toradh

Eagraíocht dhinimiciúil a fhreagraíonn go gasta agus go héifeachtach d'athruithe.

Leanadh le deiseanna forbairt ghairmiúil don fhoireann i rith 2021.

--
Foilsíodh **Imeachtaí um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL)** ar Inlíon Foirne ETB Dhún na nGall agus forbraíodh córas uathoibrithe nua inar féidir le baill foirne FET féachaint ar gach deis FGL atá le teacht agus iarratas a dhéanamh ar líne trí fhoirm uathoibrithe léirithe spéise. Tairgeadh 52 imeacht um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) idir Eanáir 2021 - Nollaig 2021 agus bhí 1,196 ball foirne páirteach sa réimse FGL a tairgeadh.

I measc na dtéamaí FGL in 2021 bhí

An Fholláine – Eagraíodh cúig imeacht Folláine i rith 2021 agus bhí 136 ball foirne i láthair. I measc na Seimineár Folláine bhí "Straitéisí chun Fanacht Dírithe agus Fanacht Go Maith", "Iarmhairtí síceolaíocha na paindéime a thuiscint agus bealaí chun foghlaim ón eispéireas agus dóchas a chothú ionainn", "Iniúchadh ar an dóigh ar féidir le halcól agus le cógais oideas tionchar a imirt ar spreagadh pearsanta agus ar chumas foghlama" agus "Tionchar na Drochíde Sa Teaghlach a Thuiscint".


Dearbhú Cáilíochta – Tairgeadh ceithre Cheardlann Dearbhaithe Cáilíochta in 2021 agus bhí 141 ball foirne san iomlán i láthair. I measc na gceardlann sin bhí "Tuisceant ar dhea-chleachtas agus réimsí le feabhsú sa Teagasc, san Fhoghlaim agus sa Mheasúnú", "An dóigh a bhfuil polasaithe agus na nósanna imeachta agus próisis ghaolmhara á bhforbairt mar chuid de chóras comhtháite dearbhaithe cáilíochta ETB Dhún na nGall" agus "Athbhreithniú ar na torthaí tosaigh agus ar an aiseolas ó fhoireann athbhreithnithe an QQI".

Uirlisí Inrochtaineachta agus UDL – Éascaíodh naoi gCeardlann déag in 2021 agus bhí 409 ball foirne san iomlán a d’fhreastail. I measc na gceardlann sin bhí "Rolladh Amach Suaitheantas Náisiúnta an Dearaidh Uilíoch don Fhoghlaim (UDL) le AHEAD & UCD" a thug blaiseadh fiúntach do rannpháirtithe ar chreat an UDL. Chuir foireann agus saineolaithe seachtracha ETB Dhún na nGall ceardlanna éagsúla ar fáil a chuir Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim chun cinn, a leathnaigh rannpháirtíocht, rochtain chothrom ar oideachas agus cuimsiú daltaí.

Cuimsiú – Eagraíodh seacht n-imeacht FGL in 2021 agus bhí 151 ball foirne san iomlán i láthair. I measc na gceardlann sin bhí "Oiliúint Feasachta LGBTQI+", "Cúrsaí Infheictheachta agus Teanga do LGBTQI+" ag glacadh le cultúr a cheiliúrann agus a chuireann infheictheacht LGBTQI+ chun cinn do dhaltai agus don fhoireann, "Straitéisí praiticiúla chun tacú le scoláirí uathachasacha ar fud na suíomhanna oideachais go léir lena n-áirítear ionaid FET agus iar-bhunscoileanna", agus "Céimeanna Praiticiúla chun tacú le Disléicse sa Seomra Ranga".

Ag Tacú le Cleachtais Teagaisc agus Foghlama – Tairgeadh seacht n-imeacht déag eile FGL in 2021 agus bhí 495 ball foirne san iomlán i láthair acu sin. I measc na n-imeachtaí FGL sin bhí "Eispéiris Foghlama Cumaisc a Dhearadh", "Tacú leis an fhoireann Teicneolaíochtaí Digiteacha a úsáid", "Meantóireacht FCT/TEL", "Oiliúint RGCS", "Oiliúint Saoránacht Dhigiteach", "Seiceálaí Scileanna chun Tacú le Rochtain", "Lítearthacht a Chomhtháthú in Ábhair Ghairmiúla", "Feabhsú Amhairc ChumhachtPhointe", "Measúnú agus Aiseolas", "Meabhairmhapáil" agus "Cleachtas Athmhachnaimh sa Bhreiseoideachas".

Eagraíocht Fhorásach, Chuntasach



Tosaíocht 11

Teicneolaíochtaí úra agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a úsáid chun cur le tacaíocht agus le forbairt eagraíochtúil.

Toradh

Níos mó úsáide á baint as Teicneolaíochtaí cuí Faisnéise agus Cumarsáide agus bogearraí gaolmhara.

Le linn COVID-19, lean an fhoireann TF in ETB Dhún na nGall ag cur le cumas na foirne teagasc agus cumarsáid a dhéanamh go cianda. I ndiaidh filleadh ar an seomra ranga agus ar an oifig, beidh a dhúshláin féin ag baint le cur chuige cumaisc nua.

Trí Chrome Remote Access a úsáid fuair an fhoireann rochtain ar ríomhairí glúine oibre agus iad ag obair ón bhaile. Bhí sé slán, le fíorú 2 Chéim agus PIN breise, agus iontaofa agus ní raibh mórán tacaíocht theicniúil de dhíth.

Tá méadú as cuimse tagtha ar an riosca a bhaineann le cibear-ionsaí ar an eagraíocht le blianta beaga anuas. Tá ETB Dhún na nGall i ndiaidh dul i dteagmháil le KHIPU a chuireann seirbhís bhainistithe ar fáil, ag úsáid ionsaithe fioscaireachta insamhalta.

San fheachtas bliana sin, déantar iarracht a shamhlú cad é a tharlódh dá ndéanfaí fíor-chibear-ionsaí ar ETB Dhún na nGall. Bíonn feachtas oideachasúil leantach ann i ndiaidh gach feachtais. Tá cur chuige níos airí ag an fhoireann cheana féin agus iad ag fáil a gcuid ríomhphost.


Chuir ETB Dhún na nGall sraith eile slándála le gach sás láimhe soghluaiste a chuirtear ar fáil don fhoireann chun cabhrú le cosc a chur ar ionsaithe fioscaireachta agus smiosctha. Tharla sé sin go saoráideach agus go héifeachtach.

Leanann ETB Dhún na nGall air ag rolladh amach agus ag feabhsú idirghníomhaíochtaí idir Múinteoirí agus Daltaí trínár gcuntais Google Workspace. Tríd an uasghrádú Teagaisc agus Foghlama sin, is féidir ranganna a thaifeadadh ar líne, sruthú beo a roghnú, tinreamh a thuairisciú, Seomraí ar an Imeach agus Ceisteanna agus Freagraí a shocrú laistigh de ranganna ar líne. Tá an-tóir ag an fhoireann air seo cheana féin.

Bainistíonn ETB Dhún na nGall tionónta MS 365 fosta. Tugtar ceadúnas MS 365 go huathoibríoch do gach ball foirne agus foghlaiméir. Tugann sé sin rochtain ar líne agus as líne de réir mar is gá. Ó rolladh amach ceadúnú uasghrádaithe Microsoft bhí deis ag daltaí feidhmchláir a úsáid nuair a bhí an t-idirlíon s'acu féin lag nó thíos.

Tá forbairt leanúnach á dhéanamh ar Mhol Inneachar Digiteach chun físeáin teagaisc ghasta agus furasta a úsáid a chur ar fáil don fhoireann agus do dhaltai agus ta sé ar fáil don fhoireann, do dhaltai agus do thuismitheoirí i Scoileanna agus in ionaid FET.

Eagraíocht Fhorásach, Chuntasach



Tosaíocht 12

Straitéis chumarsáide shoiléir agus éifeachtach a fhorbairt d'ETB Dhún na nGall.

Outcome

Tá níos mó muiníne agus tuiscint níos doimhne i measc na bpáirtithe leasmhara go léir anois ar ETB Dhún na nGall agus ar a ról, a fhreagrachtaí agus na seirbhísí a chuireann sé ar fáil.

In 2021, lean ETB Dhún na nGall air ag cur a chuid oibre in iúl don phobal agus á forbairt tuilleadh ar bhealaí éagsúla a aibhsítear thíos. Laghdaíodh é sin go léir, áfach, mar gheall ar shrianta COVID-19.

Straitéiseach

--

Tháinig Grúpa Comhairleach Cumarsáide ETB Dhún na nGall, a thugann treoir straitéiseach ar struchtúir agus ar oibríochtaí cumarsáide ETB Dhún na nGall, tháinig siad le chéile ar líne ceithre huaire in 2021 chun leanúint le maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt chúrsaí cumarsáide ETB Dhún na nGall i roinnt réimsí lena n-áirítear:

- Straitéiseach
- Na Meáin Chumarsáide/Preas
- Cumarsáid Dhigiteach
- Cumarsáid Chorporáideach
- Cumarsáid Inmheánach
- Cumarsáid Ghéarchéime
- Margaíocht

I dtuarascáil léargais ar na meáin de chuid ETB Dhún na nGall do 2021, inar ndearnadh anailís chainníochtúil agus cháilíochtúil ar na meáin thraidisiúnta chlóite, ar líne agus chraolta d'ETB Dhún na nGall le linn 2021, soláthraíodh roinnt buaicphointí lena n-áirítear:

- 1,295 mír sna meáin, ina measc 664 alt ar na meáin chlóite, 358 mír chraolta agus 273 mír ar líne.
- Ba chineál Réigiúnach é an meán ba mhó de chuid ETB Dhún na nGall le 984 mír, ar 626 alt clóite réigiúnacha agus 358 craoladh raidió réigiúnacha iad, agus ina dhiaidh sin bhí 273 mír ar líne agus 38 mír náisiúnta ann.
- Ba é Tacaíocht Ghnó an Príomhthopaic ag ETB Dhún na nGall, agus ina dhiaidh sin Oideachas Pobail agus Printíseachtaí ina dhiaidh sin arís.
- Don bhliain 2021, ghnóthaigh ETB Dhún na nGall 86 mar scór sna meáin, atá i bhfad os cionn thagarmharc an tionscail 50/100.

Chuir Oifigeach Cumarsáide ETB Dhún na nGall comhairle straitéiseach ar fáil i roinnt réimsí lena n-áirítear Ráiteas Straitéise ETB Dhún na nGall do 2022-2026 a fhorbairt, tacaíocht d'ETB lena phróiseas soláthair cumarsáide agus lena Straitéis Chumarsáide 2021-2024 a chur i bhfeidhm.

Na Meáin/Preas

--

In 2021 eisíodh cúig phreasráiteas déag chuig meáin chlóite, raidió agus ar líne áitiúla de réir mar ba chuí. Áiríodh leis sin, mar shampla, clúdach fairsing ar cheapacháin foirne nua chomh maith le ceapachán comhalta Boird agus Cathaoirleach nua.

Rinneadh go leor de na preasráitis sin a phostáil mar scéalta nua ar shuíomh gréasáin ETB Dhún na nGall (Béarla agus Gaeilge) agus roinneadh iad ar fud ardáin na meán sóisialta éagsúil de réir mar is cuí. Postáladh trí scéal nuachta is fiche san iomlán ar an suíomh gréasáin in 2021, a chlúdaigh gach gné den eagraíocht – Corparáideach (8), Scoileanna (1) agus Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna (FET) (14).

Fuair roinnt scoileanna ETB Dhún na nGall clúdach fairsing ar go leor gníomhaíochtaí i rith na scoilbhliana sna meáin áitiúla chlóite agus ar líne. Tháinig laghdú ar líon na ngníomhaíochtaí, áfach, i gcomparáid le blianta roimhe seo mar gheall ar shrianta leanúnacha COVID-19.

Fuair ETB Dhún na nGall ocht mír is tríocha de chlúdach náisiúnta ar mhíreanna dá chuid oibre fosta. I measc na mbuaicphointí sin, bhí:

- 12 Eanáir - Labhair múinteoir Choláiste na Daoile, Evin Devenney, leis an Irish Times faoin méid a bhí foghlamtha aige an bhliain roimhe sin ón teagasc ar líne mar chuid d'alt nuachta níos mó: <https://www.irishtimes.com/news/education/be-kinder-with-deadlines-what-teachers-learned-from-remote-teaching-last-time-1.4456408>
- 26 Eanáir - grianghraf de spideog fhraochmhar a thóg an ball foirne Ciaran Cunningham (Ceann TF), i gcáil phearsanta, a bhí le feiceáil ar leathanach tosaigh an Irish Times mar Íomhá an Lae acu.
- 07 Deireadh Fómhair - Tionscnamh cibearshlándála fón póca ETB Dhún na nGall a bhí le feiceáil san Irish Times (urraithe ag comhlacht fón póca an ETB Three): <https://www.irishtimes.com/business/innovation/partner-profile-three/cyberattacks-underscore-need-to-safeguard-an-organisation-1.4691756>

- 21 Nollaig - bhí scoláirí agus baill foirne i gColáiste Pobail Bhun an Phobail faoi thrácht in alt de chuid an Irish Times faoi iarmhairtí ghéarchéim MICA: <https://www.irishtimes.com/news/ireland/irish-news/donegal-town-dealing-with-mica-if-it-was-in-dublin-this-would-already-be-fixed-1.4746183>

Sponsored profile Three
Cyberattacks underscore need to safeguard an organisation

Donegal Education and Training Board leads way with quick response for phones

Recent high-profile cyberattacks have created heightened awareness of the need to protect all parts of an organisation's network, including mobile phones. One organisation to respond very quickly was Donegal Education and Training Board (ETB) which has adopted Three Ireland's 3Mobile Protect solution to secure the 197 mobile phones it provides to staff to enable them to access work emails while working remotely. The solution, developed and powered by Irish company Corrata, protects smartphones and tablets from security threats, detects suspicious or unusual activity on every device, and stops the latest threats from texts, WhatsApp messages, social media scams or emails with infected links. "Donegal ETB is very proactive when it comes to technology and security," says Three head of public sector sales Ken McGrath. "They were very quick to respond to the heightened threat level following the HSE attack. I think that attack crystallised the issue for a lot of people. The fraudsters and hackers have become very sophisticated and they profile cohorts of people really well before targeting them. "I have received fraudulent messages myself and they were very convincing. I was only able to recognise them as scams because I wasn't expecting a delivery from the courier company mentioned." The Donegal ETB IT team had noticed a big increase in security risks in the wake of the HSE attack. Almost every day, staff reported getting text-message phishing scams and links to malicious websites sent to their phones. These messages were becoming more convincing, with some even written in Irish, targeting Gaeltacht-area schools. This increased the chances that someone might think they were genuine and mistakenly click on the link. "Even for reasonably IT literate people, malware is so sophisticated now that we have to have a double-take," says Ciaran Cunningham, head of IT with Donegal ETB. "Cybersecurity had been a big concern and, like many organisations, the mobile side was overlooked. Teachers who are out on classes spend more time on their phones than they do on their laptops, so it was a gap that we didn't have covered." Malware is a silent invader on mobile devices, he explains. "Most users might be totally unaware if something is happening in the background. I'm very conscious of the fact that staff will always use their phone for some personal use within reason, as well as for work. "I genuinely feel that because we provided these phones, there's a duty of care on us to ensure a level of protection that they may not be able to provide themselves. The HSE attack really brought this to a head. So, I made a decision: we are now in a position where we can't wait around for something to happen." One of the key attractions of 3Mobile Protect is its ease of installation and set-up. It was deployed to all 197 employee devices within a few hours without needing an external service provider or taking

up extra resources from the internal IT team. Each mobile device makes about 4,000 internet requests a day and 3Mobile Protect acts as a firewall, protecting them whether the traffic is on mobile networks or wifi. The improvement was almost immediate, says McGrath. "Minutes after going live, 3Mobile Protect identified one device that was infected with malicious software. It successfully blocked more than 5,000 separate network traffic requests, preventing data leakage and isolating the device while alerting the employee and administrator of the issue. Within the first 24 hours, the software detected and blocked 1,600 other attempts to breach security, such as by staff clicking links in faked SMS phishing messages." Another benefit is the level of detail available through 3Mobile Protect's dashboard, which provides live reporting tools on what's happening with the network and where any threats are being blocked. "We are getting information that we never had before," says Cunningham. "I think this is going to be a game changer for us. What I really like is that I get a full overview of everything. I can see at a glance whether the mobile devices have a good, fair or bad security score. 3Mobile Protect has been like putting a guard on the gates." And it protects without compromising users' privacy. "The beauty of 3Mobile Protect is that it doesn't access any personal data," McGrath points out. "It only shows whether the device is compromised, wheth-

Ar bhonn níos áitiúla, ar an 5 Iúil d'fhoilsigh Invest Donegal agallamh ar a láithreán gréasáin agus ar fud ardáin a gcuid meáin shóisialta agus a meáin chlóite áitiúla leis an Bhainisteoir Oiliúna Ceantair Vinny McGroary faoin dóigh a ndéanann ETB Dhún na nGall tallann a fhorbairt, a chothú agus a chur chun cinn ar fud an chontae: <https://donegal.ie/en/latest-news/2021/july/donegal-etb-developing-nurturing-and-advancing-talent-across-the-county> . Agus ar an 28 Lúnasa, d'fhoilsigh nuachtán Nuacht Dhún na nGall agallamh le Stiúrthóir FET ETB Dhún na nGall, Cróna Gallagher, mar chuid den fheachtas comhtháite bolscaireachta den imeacht Coicís FET 2021: <https://donegalnews.com/2021/08/a-service-that-reaches-into-every-nook-and-cranny/>.

Bhí agallamh ar siúl go rialta le Raidió na Gaeltachta RTÉ i rith na bliana i ndiaidh cruinnithe ETB.

Cumarsáid Dhigiteach

Mhéadaigh ETB Dhún na nGall aschur a chumarsáide digítí in 2021 trí úsáid a bhaint as a shuíomh gréasáin agus as ardáin a mheán sóisialta chun feasacht a ardú ar a bhranda, a chuid oibre a chur in iúl agus dul i dteagmháil lena lucht spéise agus lena chomhphobail iomadúla ar fud an chontae agus a oileán.

Thug Simon Harris T.D., an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, aitheantas do nádúr faisnéiseach chumarsáid dhigiteach ETB Dhún na nGall lenár Stiúrthóir FET ag cruinniú den Fhóram Réigiúnach Scileanna ar an 15 Feabhra agus arís ag a chruinniú turas fóirúil ar an 01 Márta. Bhí teagmháil ghníomhach againn leis an Aire i rith 2021 ar Twitter agus ar Instagram.

In 2021 bhí 156,308 úsáideoir ar an suíomh Gréasáin, agus úsáideoirí nua ab ea 150,530 díobh sin, mar aon le 570,414 amharc leathanaigh. Cuireadh rannóg nua ar bhunscoileanna ETB le rannóg na Scoileanna agus na Seirbhíse don Aos Óg (<https://www.donegaletb.ie/schools-youth-services/primary-schools/>).

Mar iarracht leanúnach chun feabhas a chur ar an dóigh a gcuirimid in iúl cé muid féin agus cad é a dhéanaimid leis an iliomad daoine, pobal agus comhpháirtithe a mbímid ag obair leo ar fud an chontae, sheol muid ár mblag, DONEGAL ETBlog, chun tuiscint níos doimhne a thabhairt ar ár gcuid oibre. Tá sé sin ar fáil trí nasc ar an suíomh Gréasáin (<https://donegaletb.ie/blog/>) agus postáiltear na blaganna ar an chéad agus an tríú Máirt de gach mí. Cé gurb é an tOifigeach Cumarsáide a bhainistíonn an blag, scríobhann 'blagálaí' difriúil gach blag, lena n-áirítear daltaí agus baill foirne reatha agus iar-dhaltaí ar fud scoileanna, ionaid FET, seirbhíse cheoil agus oideachas allamuigh, Seirbhísí Corparáideacha, fostóirí, maoinitheoirí, ionadaithe pobail agus an iliomad comhpháirtithe eile a mbímid ag obair leo anseo i nDún na nGall agus níos faide i gcéin. Mar thoradh ar an chéad bhlag i mí Lúnasa a scríobh an Treoirchomhairleoir D'Aosaigh Elena Gill bhí os cionn cúig mhíle is fiche radharc ar na poist sna meáin shóisialta faoi agus gné lánleathanaigh sa nuachtán Inis Eoghain Independent.

Tá ETB Dhún na nGall, a scoileanna, an tSeirbhís FET, Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Ghartáin agus a sheirbhís ceoil, an-ghníomhach ar roinnt ardáin mheáin shóisialta lena n-áirítear FaceETBk, Instagram, Twitter, YouTube agus LinkedIn.

Maidir le méadrachtaí maise, lean ETB Dhún na nGall air ag cur lena lucht leanúna ar ardáin a mheán sóisialta in 2021:

- Sháraigh an t-ardán meán sóisialta is mó in ETB Dhún na nGall, FaceETBk, deich míle leantóir in 2021 trí 1,355 leantóir nuachta a fháil agus bhí 10,200 san iomlán ann faoi dheireadh mhí na Nollag. Tharla sé sin i gcomparáid le méadú 1,998 sa dá mhí dhéag roimhe sin (01 Eanáir - 31 Nollaig 2020).
- Tháinig fás leanúnach ar líon leantóirí chuntas cuideachta LinkedIn ETB Dhún na nGall, agus bhí 2,504 díobh ann ag deireadh 2021, agus gan ann ach 1,752 an bhliain roimhe sin (2020), méadú 752 leantóir. Ag deireadh mhí na Nollag 2021 ar leathanach sárthaispeántais LinkedIn an ETB, a dhíríonn go háirithe ar sheirbhísí fostóirí, bhí 292 leantóir, is é sin 33 leantóir sa bhreis ar a líon in 2020.
- Bhí 2,134 leantóir i gcuntas Instagram ETB Dhún na nGall ag deireadh 2021, méadú 333 leantóir ón bhliain roimhe sin.
- Bhí 3,845 leantóir ag cuntas Twitter ETB Dhún na nGall ag deireadh 2021, suas ó 3,516 ag deireadh 2020.
- Bhí 326 síntiúsóir ag cuntas YouTube an ETB ag deireadh mhí na Nollag 2021, méadú de 92 ó 2020.



Úsáideadh go leanúnach dhá cheann de haischlibeanna pearsantaithe ETB Dhún na nGall, #WeAreDonegalETB agus #GoFurtherWithDonegalETB, i rannáin éagsúla den eagraíocht, go háirithe scoileanna agus FET

Bhí rátaí rannpháirtíochta ar ardáin éagsúla mheáin shóisialta ETB Dhún na nGall ard go fóill; mar shampla, cuireadh os cionn 1.3 milliún tuairim ar chuntas Twitter (@DonegalETB) ETB Dhún na nGall in 2021, agus bhí rátaí rannpháirtíochta idir 6 agus 8% nó uaireanta níos airde ag 10% agus os a chionn ag go leor dá phostálacha ar LinkedIn; meastar go bhfuil ráta 2% go maith do LinkedIn.

Cuireadh roinnt físeáin nua le cuntas YouTube an ETB in 2021 lena n-áirítear ceithre fhíseán ghearra bhreise i nGaeilge a cuireadh leis an tsraith 'Little Lessons' (ag díriú ar litriú, gramadach agus TF bunúsach) do Sheachtain na Gaeilge.

Lean Oifigeach Cumarsáide ETB Dhún na nGall ar aghaidh a thabhairt tacaíocht do scoileanna agus d'ionaid maidir le húsáid na meán sóisialta.

Cumarsáid Chorporáideach

Is croífhóireann ar a bhfuil triúr Stiúrthóirí ETB Dhún na nGall, Ceann na Seirbhísí Corparáideacha, an tOifigeach Cumarsáide, bainisteoir na seirbhísí ceoil agus lucht riaracháin na Seirbhísí Corparáideacha, a chuir tuarascáil bhliantúil ETB Dhún na nGall 2020 le chéile.

Forbraíodh Ráiteas Straitéise ETB Dhún na nGall 2022-2026 in 2021 fosta (agus rinneadh dearadh grafach an doiciméid deiridh go luath in 2022).

Cuireadh uimhir charthanais ETB Dhún na nGall leis an suíomh gréasáin, cuntais chuí na meán sóisialta agus ar pháipéar sainchlóite agus duillín dea-mhéine na hOifige Riaracháin de réir na gceanglas comhlíonta faoin gCód Rialachais do Charthanais.

Rinneadh píosa suntasach oibre le dearthóir grafach chun na lógónna do gach ceann de na cúig iar-bhunscoil déag a athchruthú mar nach raibh teacht ar chomhad iomlán díobh sin i bhformáidí éagsúla a d'éascódh réimse riachtanais phriontála.

Cuireadh cás-staidéar ar chumarsáid FET ETB Dhún na nGall, le fócas ar Chumarsáid Dhigiteach, san áireamh i dTuarascáil Athbhreithniú Tionscnaimh an QQI ar Dhearbhú Cáilíochta Fhéinmheastóireacht na Seirbhíse Breisoideachais agus Oiliúna, a foilsíodh i mí Feabhra 2021.

Cumarsáid Inmheánach

Rinneadh tuilleadh forbartha ar inlíon na foirne in 2021 chun cumarsáid inmheánach a fheabhsú.

Chuir Oifigeach Cumarsáide ETB Dhún na nGall seisiún eolais ar fáil maidir le cumarsáid do mhúinteoirí nua mar chuid dá n-ionduchtú.

Margaíocht

Rinneadh réimse leathan cumarsáide in 2021 chun tacú le gníomhaíochtaí margaíochta. Cé gur margaíocht iad ár ngníomhaíochtaí cumarsáid dhigiteach, áiríodh ar ghníomhaíochtaí breise fosta:

- nuashonrú ar an bhróisiúr Roghanna FET do Lucht Fágála Scoile agus ar an bhróisiúr Roghanna FET do Lucht Fágála Scoile - PLCs
- Rinne foireann Chumarsáide, Treorach d'Aosaigh agus Earcaíochta FET ETB Dhún na nGall athchóiriú iomlán ar réamheolaire FET ETB Dhún na nGall 2021-2022. Píosa suntasach oibre a bhí ann.

Lean ETB Dhún na nGall air ag obair go straitéiseach leis an asraon meán áitiúil ar líne Donegal Daily chun seasamh Breisoideachais agus Oiliúna (FET) a chur chun cinn, rud a chuireann seasamh ETB Dhún na nGall chun cinn dá réir. Foilsíodh naoi bhfógra in 2021 a dhírigh ar réimse áirithe foghlama laistigh den tSeirbhís FET trína cuid iarscoláirí (féach Aguisín 1).

Lena chois sin, mar gheall ar shrianta leanúnacha COVID-19, níor tionóladh beo in 2021 aonach bliantúil Faisnéise agus Treorach FET, a mheallann thart ar 1,000 duine idir óg agus fhásta, de ghnáth. Ina áit sin, cruthaíodh agus craoladh sraith físeáin faisnéise ar YouTube (is féidir seinnliosta Choicís FET 2021 a fheiceáil anseo: <https://www.youtube.com/playlist?list=PL1HRy1EecPt2BNLjivGq8x0yCqc25fACJ>) agus ar fud ardáin mheáin shóisialta eile. Dhírigh na físeáin seo ar na réimsí ábhar agus ar na grúpaí iarratasóirí is mó éileamh: Cúrsaí Cúraim (leanaí agus sláinte); Innealtóireacht agus an Timpeallacht Thógtha; Gnó, Riarachán agus Airgeadas; Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide; Campas Pobail; Roghanna d'Athraitheoirí Gairme, Uas-sciliú agus Athsciliú; Printíseachtaí; Roghanna do Lucht Fágála Scoile agus Cúrsaí Oiliúna Nua. Postáladh ceithre scéal eile ó dhaltai FET ar Donegal Daily chun tacú le cur chun cinn na hócáide sin (a liostaítear in Aguisín 1 fosta).

Rinne Seirbhís FET urraíocht ar phodchraoladh Highland Radio 'Cúrsaí Gnó' ó Eanáir-Meitheamh 2021. Lena chois sin, labhair roinnt baill foirne ar an phodchraoladh ag amanna éagsúla i rith na bliana:

1. Eipeasóid 27, 27 Eanáir, Bainisteoir Oiliúna Ceantair Vinny McGroary - <https://www.highlandradio.com/2021/01/20/business-matters-ep-27-vinny-mcgroary-david-daly/>
2. Episode 35, 17 Márta, Comhordaitheoir Rannpháirtíocht Fiontraíochta (Scileanna don Obair) Donna McDade - <https://www.highlandradio.com/2021/03/17/business-matters-ep-35-neil-ferry-noreen-harding-donna-mcdade/>
3. Eipeasóid 39, 14 Aibreán, Oifigeach Earcaíochta Tara McGuire - <https://www.highlandradio.com/2021/04/14/business-matters-ep-39-frankie-veldman-tara-mcguire/>
4. Eipeasóid 42, 05 Bealtaine, Comhordaitheoir na Seirbhíse Treorach agus Eolais d'Aosaigh Deirdre McColgan - <https://www.highlandradio.com/2021/05/05/business-matters-ep-42-garrett-harte-daithi-ramsay-deirdre-mccolgan/>
5. Episode 54, 28 Iúil, Bainisteoir Cúnta an Ionaí Oiliúna Mairéad Carlin - <https://highlandradio.com/2021/07/28/business-matters-ep-54-tommy-gallen-mairead-carlin/>

Cuireadh dhá scéal ó dhaltai FET le suíomh gréasáin Chistí an AE (<https://eufunds.ie/>) in 2021, agus d'fhág sin go raibh ceithre scéal ar fad le daltaí FET ETB Dhún na nGall ar an suíomh gréasáin náisiúnta seo (<https://eufunds.ie/case-studies/>):

1. Ógtheagmháil: <https://eufunds.ie/portfolio/youthreach-was-one-of-the-best-decisions-ive-made-in-my-life/>
2. BTEI: <https://eufunds.ie/portfolio/debbie-designs-a-creative-future-after-donegal-etb/>

Eochairthéama 3

Ag Obair Le Comhpháirtithe



Tosaíocht 13

Tógáil ar chaidreamh atá bunaithe cheana féin le grúpaí pobail áitiúla agus le comhpháirtithe deonacha, reachtúla, trasteorann ábhartha agus le fostóirí chun oibriú i dtreo comhspríocanna.

Toradh

Comhpháirtíochtaí neartaithe a sholáthraíonn cineálacha cuir chuige níos dírithe i leith na ndeiseanna foghlama agus na fostaíochta



Ba chuidiú mór iad na comhpháirtíochtaí inár gcláir éagsúla. Chuidigh na comhpháirtíochtaí seo le caidreamh agus le líonraí nua a chruthú agus le rochtain a fháil ar luasanna, réaltachtaí agus ionaid dhifriúla. Chuidigh na comhpháirtíochtaí le hacmhainní a mhéadú – ní hamháin trí fhoinsí maoinithe méadaithe nó éagsúlaithe, ach fosta trí rochtain ar eolas, scileanna agus am daonna.

Le linn 2021 chuidigh comhpháirtíochtaí éagsúla le níos mó daoine, agus cineálacha daoine, a mhealladh ar bhealaí éagsúla. Chonaic muid comhpháirtíochtaí rathúla in FET, Obair Óige, Ceol, Oideachas Allamuigh agus inár gClár Feasachta ar Dhrugaí agus Alcól. Shaibhrigh sé sin eispéiris na ndaoine a bhí ag plé linn cheana féin agus chabhraigh sé le daoine a bheith páirteach faoi chlónna agus i ról éagsúla.

Rannpháirtíocht Fiontair FET (lena n-áirítear Scileanna don Obair/Scileanna chun Dul Chun Cinn)

Ba bhliain ghnóthach í 2021 dár seirbhís Rannpháirtíocht Fiontraíochta. Tá luach saothair á bhaint trí fhreagrúlacht agus trí shroicheadh méadaithe ar fud an chontae as Earcú Oifigeach Forbartha Clár (PDO) agus as an fheidhm Scileanna don Obair a bhíodh ann a chónascadh le Foireann na Rannpháirtíochta Fiontraíochta. In 2021, bhí cur chuige comhordaithe againn chun idirghabhálacha oiliúna a sholáthar ar fud an speictrim ó Leibhéil 1-6 agus rochtain ar bhealaí foghlama éagsúla a éascú dár daltaí ag an am céanna. Príomhdhúshlán ón tús dár seirbhís Rannpháirtíocht Fiontraíochta an gá atá le branda FET Dhún na nGall a bhunú mar sheirbhís ghairmiúil agus fhreagrúil a bhfuil go leor le tairiscint aici do lucht tionscail i nDún na nGall.

Bhí comhoibriú le LEO agus leis an Ghrúpa Innealtóireachta Brabús Glan ina phríomhghníomhaíocht in 2021 inar dhírigh muid ar athoiliúint agus ar athdheimhniú táthairí. In 2021, tugadh uas-sciliú do 52 fostaí sa táthadóireacht ar fud deich gcuideachta. D'fhreagair muid fosta iarratas ar oiliúint a sheachadadh sa chlár SolidWorks ar fud trí chuideachta déag. Thug an oiliúint sin na scileanna agus na cumais do chuideachtaí a gcuid solúbthachta a mhéadú chomh maith lena n-aga slánúcháin do chustaiméirí. Aithnímid gurb í an Innealtóireacht an snáithe coitianta atá mar bhonn agus mar thaca ag gach colún geilleagrach inár gContae. Rinneadh an comhoibriú sin leis an Earnáil Innealtóireachta a dhaingniú tuilleadh trínár n-idirghníomhaíochtaí le Cnuasghrúpa Mara na gCealla Beaga (fiche cuideachta le láimhdeachas bliantúil comhcheangailte os cionn €300 milliún) a dhíríonn ar na deiseanna fáis agus fostaíochta laistigh den Gheilleagar Gorm. Is é an príomhfhócas atá againn sa Ghrúpa sin píblíne tallainne a thógáil trí oiliúint dheimhnithe agus an fhoireann atá ann cheana a uas-sciliú.

In 2021, rinneadh iarracht dhírithé ar oiliúint a chur ar fáil chun scileanna a ardú i dtáirgeacht oifige i gcuideachtaí na gCealla Beaga. Mar fhreagra ar shainoiliúint Microsoft a seachadadh chuig Atlantic Dawn sna Cealla Beaga, thuairiscigh Christine Sweeney, Stiúrthóir Airgeadais, "Tá gach rud cuíchóirithe agus tá sé i bhfad níos éifeachtúla.... Ar an iomlán, feicim méadú ollmhór ar éifeachtúlacht - déarfainn thart ar 20% ar fud an tionscail." 20% across the board."

In 2021, lean muid orainn lenár gcaidreamh le líonraí gnó éagsúla a neartú agus go háirithe Líonra Gnó Dhún na nGall, an Cumann Tráchtála, Mná Gnó Leitir Ceanainn agus Dhún na nGall. Thug muid cur i láthair ag seimineáir ghréasáin éagsúla agus rinne muid pitseanna ar fud na líonraí a chur ár gcuid oiliúna chun cinn ó Leibhéil 1-6.

Mar thoradh ar na hiarrachtaí sin glacadh go mór le hoiliúint na Meán Sóisialta toisc go raibh ar go leor cuideachtaí a láithreacht i dtrádáil tráchtála ar líne a uasmhéadú. Mar shampla, thar na dianghlásálacha bhí daichead a haon cuideachta ag gabháil dár nDioplóma sna Meáin Shóisialta do Ghnó agus thug sé sin bunús cuimsitheach dóibh le dul agus trádáil ar líne. Rinne Toni Forrester, Príomhfheidhmeannach Chumann Tráchtála



"ach ab é an oiliúint a chuir ETB Dhún na nGall i bhfeidhm, ní bheinn san áit a bhfuil mé inniu. Thug ETB Dhún na nGall tarrtháil orm!"

Achoimre ar Ghníomhaíocht 2021

Líon Cúrsaí/ Cláir	Líon Cuideachtaí	Líon Daltaí
74	246	699

Trí Scileanna don Obair tugadh faoi Chúrsaí sna Meáin Shóisialta fosta a shroich níos mó ná 130 gnólacht, a raibh a bhformhór ina micreaghnólachtaí. Thuairiscigh miondíoltóir áitiúil i Leitir Ceanainn "ach ab é an oiliúint a chuir ETB Dhún na nGall i bhfeidhm, ní bheinn san áit a bhfuil mé inniu. Thug ETB Dhún na nGall tarrtháil orm!"

Chomh maith leis sin, chun tacú leis an tionscal teicstíle agus teileachumarsáide, chuir muid tús le cúrsa oiliúna deimhnithe dhá bhliain (le linn an tséasúir chiúin) Bainistíocht Maoirseachta san Fháilteachas (City & Guilds) ar fud sé óstán i nDún na nGall chun tacú le coinneáil foirne sa tionscal agus chun bealaí dul chun cinn a sholáthar. Aithnímid an turasóireacht mar cheann de na colúin inár ngeilleagar.

Comhpháirtíochtaí Trasteorann

Tá braisle oideachais trasteorann IT mar thoradh ar bhlianta d'obair chomhoibríoch rathúil i measc na gceithre sholáthraí de chuid na hearnála oideachais sa réigiún, ETB Dhún na nGall, Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn (LYIT), Ollscoil Uladh (campas Magee) agus Coláiste Réigiúnach an Iarthuaiscirt. Is é aidhm an chomhoibrithe trasteorann sin rochtain ar ardoideachas agus breisoideachas agus oiliúint a fheabhsú do dhaltaí atá ina gcónaí i nDún na nGall agus i Réigiún an Iarthuaiscirt agus deiseanna oideachais agus forbairt eacnamaíochta níos fearr a bhaint amach do gach duine a chónaíonn sa réigiún..

Ba é ETB Dhún na nGall an chéad chomhpháirtí a cheap Oifigeach Forbartha Tionscadail i Meán Fómhair 2021. Ó shin i leith, tá taighde deisce déanta againn, ag tiomsú páipéir ar Mhonarú agus Innealtóireacht sa réigiún agus ar an chreat Printíseachta don dá dhlínse agus lean muid orainn ag tógáil caidrimh agus ag líonrú. Cuireadh tús fosta leis an phróiseas chun réimsí cúrsaí, sainréimsí agus bealaí dul chun cinn i measc na gceithre institiúid sa réigiún a mhapáil.

Comhpháirtíochtaí Pobail

Bhí ról tábhachtach go fóill ag comhoibriú agus ag comhpháirtíocht leis an earnáil phobail agus dheonach in obair na seirbhíse FET in 2021. Cé gur lean tionchar diúltach COVID-19 ar aghaidh ar sholáthar an tsoláthair oideachais pobail, bhain soláthraithe agus rannpháirtithe leas as níos mó cúrsaí ar líne agus as cúrsaí cumaisc. Mar thoradh air sin seachadadh 295 cúrsa in 2021, níos mó ná an 169 in 2020, ach níos lú ná an 500 chóir a bheith a bhí ann in 2019. Bhí béim níos mó ar sholáthar taobh amuigh, agus ar chúrsaí a chuir cleachtais forbartha inbhuanaithe agus chaomhnaithe chun cinn. Leanadh le tacaíocht FET d'fhorbairt inbhuanaithe trína chomhoibriú le tionscadal Chomhpháirtíocht Forbartha Inis Eoghain, ChangeMakers. I mí Iúil, shínigh FET agus Comhpháirtíocht Forbartha Inis Eoghain Meabhrán Tuisceana chun comhoibriú agus tacaíocht do sholáthar in Inis Eoghain a neartú.

Éascaíodh an seimineár bliantúil Oideachas Pobail, a reáchtáladh an 10 Nollaig, ar líne don dara bliain. Labhair an príomhchainteoir, an tOllamh Emeritus Gearóid Ó Tuathaigh agus iar-Dhéan na nEalaíon agus Leas-Uachtarán OÉ Gaillimh, faoin dóigh ar chuidigh Oideachas Pobail le comhtháthú pobail agus le ról lárnach na hoidhreacht agus an chultúir i bhforbairt shóisialta.

Aitheantas Réamhfhoghlama (RPL)

Rinneadh próiseas soláthair leabaithe in 2021 d'Aitheantas Réamhfhoghlama (RPL). Tríd an tionscadal comhpháirtíochta comhoibríoch dhá bhliain le ETB Luimnigh agus an Chláir (LCETB) agus LYIT, Inniúlachtaí Fhostaithe na hEarnála Cúraim a Bhailíochtú (VCCSE) leanadh den tacaíocht san earnáil chúraim d'fhostaithe le taithí agus leathnaíodh é chun an earnáil airgeadais agus phobail agus dheonach a áireamh. I measc na ndámhachtainí bhí: mórdámhachtainí Leibhéal 6 i Riarachán, Gnó agus Bainistíocht; mórdámhachtainí Leibhéal 5 i Scileanna na Seirbhíse Sláinte, Tacaíocht Cúram Sláinte agus Forbairt Pobail; Modúil Leibhéal 6 i mBainistíocht Sábháilteachta; Modúil Leibhéal 5 i bhForbairt Leanaí; Leibhéal 4 i seirbhís do chustaiméirí agus Taithí Oibre Leibhéal 3. Bronnadh ceithre chéad agus ceithre dheimhniú. Mar thoradh ar phríomhshruthú an tsoláthair bhí oiliúint agus forbairt ghairmiúil do mheantóirí RPL taobh istigh den tseirbhís. Bailíochtaíonn an próiseas RPL scileanna, eolas agus inniúlachtaí gan a fiachadh a bheith ar rannpháirtithe a gcuid foghlama a dhúblú. Mar gheall ar an phróiseas mhéadaigh ar an rannpháirtíocht le FET.

Ag Obair Le Comhpháirtithe



Tosaíocht 14

Tacú le soláthar, comhordú, riarachán agus measúnú gníomhaíochtaí oibre don ógra ar fud an chontae.

Toradh

Tuilleadh forbartha ar obair óige ar ardchaighdeán i nDún na nGall.

Measúnú ar Riachtanais Phróifíl Cheantair agus Riachtanais Seirbhíse (MRPCRS)

--

Rinneadh Measúnú ar Riachtanais Phróifíl Cheantair agus Riachtanais Seirbhíse maidir le hIarthar Dhún na nGall agus ceantair bheaga laistigh de, a raibh sé mar aidhm aige Tionscadal Óige UBU a chur sa cheantar. Soláthraíonn MRPCRS príomhfhaisnéis shocheacnamaíoch agus dhéimeagrafach faoi riachtanais agus faoi thréithe daonra nó ceantair.

Maidir le Scéim Mhaoinithe UBU D'Áit Do Spás, nuair a fheidhmítear an Uirlis Phróifíl Cheantair faightear príomhfhaisnéis faoi riachtanais na ndaoine óga idir 10 agus 24 bliana d'aois agus na cineálacha seirbhísí atá ar fáil dóibh laistigh de limistéar iomlán ETB Dhún na nGall, limistéir gheografacha ar leith laistigh de theorainn an ETB agus téamaí neamhgheografacha. Úsáideadh an MRPCRS chun Riachtanas Seirbhíse a ghiniúint le haghaidh soláthar seirbhíse UBU nua, bunaithe ar mhaoiniú a bheith ar fáil.

Ubu D'áit Do Spás

--

Cur i bhFeidhm na scéime UBU D'Áit Do Spás. Tá sé mar aidhm ag an Scéim Mhaoinithe tacaí a chur ar fáil do dhaoine óga, atá lonnaithe ina bpobail áitiúla, chun cur ar a gcumas cúinsí díobhálacha a shárú agus a lánacmhainneacht a bhaint amach trína dtorthaí forbairt phearsanta agus shóisialta a fheabhsú. Ba é buaicphointe 2021 Bunú Tionscadal Óige UBU nua in Inis Eoghain, arna mhaoiniú ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (DCEDIY), trí Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall. Is í Seirbhís Óige Dhún na nGall a bhainistíonn agus a chuireann i bhfeidhm Tionscadal Óige Aspire Inis Eoghain.

Is iad seo a leanas na hEagraíochtaí Óige a mhaoinítear faoi Scéim UBU:

- Foróige Dhún na nGall
- Seirbhís Óige Dhún na nGall, Leitir Ceanainn
- Seirbhís Óige Dhún na nGall Inis Eoghain
- Rannpháirtíocht Lucht Siúil Óg Dhún na nGall

Scéimeanna/Cláir/Tionscnaimh Mhaoinithe Eile

Scéim na nIonad Eolais don Aos Óg

--

Chuir Ionad Eolais Óige Leitir Ceanainn seirbhís eolais rúnda saor in aisce ar fáil do dhaoine óga idir 12-25 bliain d'aois i gContae Dhún na nGall. Cur chuige ionad ilfhreastail ina bhfuil an fhaisnéis uile ar fáil faoin aon díon amháin. Cuireadh tacaíocht ar fáil fosta do thuismitheoirí/chaomhnóirí atá ag lorg eolais agus tacaíochta dá ndaoine óga.

An Clár um Oideachas agus Cosc ar Dhrugaí

--

Bíonn cosc dírithe ar ghéarú ar úsáid drugaí a chosc agus / nó an díobháil a bhaineann le mí-úsáid drugaí a laghdú, thiocfadh le fadhbanna a bheith ann ach nach léir iad go hiomlán go fóill. Dírionn an t-oideachas ar fhaisnéis a sholáthar agus eolas a mhéadú, dearthaí agus tuairimí a fhiosrú agus scileanna féinmheasa agus sóisialta a fhorbairt. D'fhorbair agus chleacht daoine óga scileanna cosanta tábhachtacha m.sh. cumarsáid, teanntás, cinnteoireacht, socrú spriocanna agus bainistíocht struis. Fuair Daoine Óga faisnéis chun eolas cuí a fháil ar fhricí maidir le drugaí agus le halcól.

Tionscnamh Seirbhíse Óige LGBTQI+

--

Rinne an tionscnamh seo foráil d'uaireanta breise oibrithe don aos óg atá tiomnaithe go sonrach do thacaíocht a thabhairt do dhaoine óga LGBTQI+ agus d'aon chostais bhreise ghaolmhara m.sh. iompar, nó fruilíú ionaid; eascraíonn an gníomh go príomha as na riachtanais a shainathníonn daoine óga iad féin agus eanáil na hóige sa phróiseas comhairliúcháin don Straitéis Náisiúnta Óige LGBTQI+.

Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla

--

Maoiniú a riartar i ndeontais bheaga tríd an Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla 2021 do chlubanna agus do ghrúpaí faoi stiúir oibrithe deonacha ar fud an chontae, ina bhfuil daoine óga agus ceannairí óige rannpháirteach, ag tacú le réimse éagsúil clár agus gníomhaíochtaí oideachais neamhfhoirmiúla. Tá sé mar aidhm ag ETB Dhún na nGall a chinntiú go mbainfidh gach duine óg tairbhe as an LYCGS.

Scéim Maoinithe Caipitil don Aos Óg

--

Chuir an DCEDIY maoiniú ar fáil do Sheirbhísí Óige spriocdhírithe faoi stiúir foirne chun trealamh a cheannach chun tacú le reáchtáil tionscadal/ eagraíochtaí maidir le seirbhísí óige ar ardchaighdeán a sholáthar do dhaoine óga.

Creat Rannpháirtíocht agus Maoirseacht Feidhmíochta

--

Dearadh Creat Maoirseacht agus Rannpháirtíocht Feidhmíochta UBU D'Áit Do Spás (POEF) le tacar d'uirlisí, teimpléid agus treoir chaighdeánaithe a sholáthar do pháirtithe leasmhara. Forbraíodh POEF chun faisnéis a bhailiú ar fud na hearnála agus chun cuidiú le bonn fianaise a fhorbairt a léiríonn tionchar na hoibre le daoine óga. Reáchtáladh Cruinnithe Athbhreithnithe Pleanála agus Dul Chun Cinn (PPRManna) le hEagraíochtaí Maoinithe chun athbhreithniú agus plé a dhéanamh ar sheachadadh na seirbhíse mar atá leagtha amach i Riachtanais Seirbhíse ábhartha UBU agus sna Foirmeacha Iarratais. Cruthaíonn sé cur chuige comhroinnte agus comhrialachais fosta maidir le córas tomhais, monatóireachta agus pleanála ar fud Scéim UBU.

Coiste Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga Dhún na nGall (CYPSC)

--

Maidir le hObair don Aos Óg tá an tOifigeach Óige ina bhall de na Foghrúpaí (SG) Sláinte & Folláine agus Rannpháirtíocht na nÓg ar CYPSC Dhún na nGall.

In 2021, is é a bhí i gceist le SG Rannpháirtíochta na nÓg a bhunú úsáid as an tsamhail idirghníomhaireachta CYPSC atá ann cheana chun tacú le cumarsáid agus comhoibriú ar fud struchtúir rannpháirtíochta na n-óg atá ann cheana féin, comhordú ar struchtúir rannpháirtíocht na n-óg atá ann cheana féin agus struchtúir agus próisis a thógáil le haghaidh idirphlé laistigh de ghníomhaireachtaí agus eatarthu agus idir iad agus daoine óga. Comhairle a fháil ó dhaoine óga maidir le hobair/gníomhaíochtaí SG ionas gur féidir leo ionchur a bheith acu san obair agus tionchar a imirt uirthi. Forbraíodh agus seachadadh Oiliúint Rannpháirtíochta Óige Tusla de réir Shamhail Lundy. Lena chois sin, is suíomh luachmhar taighde é CYPSC Dhún na nGall agus Measúnú ar Riachtanais Phróifíl Cheantar ETB Dhún na nGall á dhéanamh maidir le UBU D'Áit Do Spás.



The work of the Youth Work Section Functions is guided and supported by the Donegal ETB Youth Work Co-Ordination Group.

06

Tuilleadh Oiliúna

Ionad Oiliúna agus Oideachais Allamuigh Ghartáin - Buaicphointí 2021

Rinne Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh (OETC) Ghartáin a ndícheall leis an bhliain dheacair a bhí ann i rith 2021. Ghlac 194 grúpa éagsúil ón bhunscoil / iar-bhunscoil, an óige, an pobal, lucht oiliúna, FET/HE agus daoine fásta páirt i gcúrsaí oideachais agus oiliúna allamuigh i rith na bliana.

I measc bhuaicphointí 2021 bhí:

- D’fhreastail 22 lar-bhunscoil ar an Ionad in 2021. Ghlac 1,930 scoláire agus 111 múinteoir páirt i gcúrsaí oideachais agus oiliúna allamuigh.
- Ghlac 422 duine óg agus 82 ceannaire ón earnáil óige/phobail páirt i gcúrsaí oideachais agus oiliúna allamuigh san Ionad in 2021.
- Ghlac 290 dalta agus ball foirne Breisoideachais agus Oiliúna páirt i gcúrsaí Oideachais agus Oiliúna Allamuigh in 2021.
- Ghlac 469 duine fásta páirt i gcúrsaí oideachais agus oiliúna allamuigh san Ionad in 2021.
- 10 dteagascóir faoi oiliúint a chuir díobh tréimhse oiliúna lánaimseartha seacht seachtaine is daichead a cháilíonn iad mar theagascóirí i gcadhcáil, clársheoltóireacht, seoltóireacht agus ina ngnóthaíonn siad cáilíochtaí inniúlachta i sléibhteoireacht, bádóireacht innill agus garchabhair. Thosaigh ochtar teagascóirí faoi oiliúint ar an tréimhse oiliúna gníomhaíocht allamuigh i mí Dheireadh Fómhair a chríochnódh i mí Mheán Fómhair 2022.
- Fuair 204 duine rochtain ar theagasc seachtaine ag ár Scoil Seoltóireachta agus Clársheoltóireachta sna Dúnaibh thar thréimhse seacht seachtaine i mí Iúil agus Lúnasa.
- Bhí campaí eachtraíochta oideachais faoin aer lán do mhí Iúil agus Lúnasa agus ghlac 320 duine óg páirt i gcúrsaí seachtaine.



Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil

Dhún na nGall - Buaicphointí 2021



Bliain eile den troid i gcoinne Covid-19 ab ea 2021 ach chríochnaigh sí le níos mó daoine óga ná riamh ag seinm ceoil agus ag canadh le Comhpháirtíocht Oideachas Ceoil Dhún na nGall (DMEP).

Faoi mhí na Nollag bhí níos mó ná 450 scoláire cláraithe le haghaidh teagasc ceoil DMEP ar fud Dhún na nGall, idir duine le duine nó grúpaí beag den chuid is mó. Bhí níos mó ná 600 ar chlár uailéile an DMEP ar fud 17 scoil náisiúnta, ó Dhún Fionnachaidh go Béal Átha Seanaidh.

D'ardaigh líon na dteagascóirí ceoil atá ag obair ar chlár DMEP ó 20 in 2020 go 31 in 2021. Bliain teagaisc chumaisc a bhí ann, a ndeachaigh dianghlais Covid-19 i bhfeidhm uirthi. Nuair nár bh fhéidir ceachtanna duine le duine a reáchtáil, d'éirigh leis an gcuid is mó den chlár bogadh ar líne. I measc na dtionscnamh bhí **Scoil Rac-cheoil nua an Atlantaigh** in PCC An Fál Carrach, le 30 scoláire ceoil, agus **Acadamh Ceoil na Maoile Rua** i gColáiste na Maoile Rua i mBaile na nGallóglach, ina raibh 30 fosta. Reáchtáladh lá rathúil 'PCC Soundwaves' do cheoltóirí óga in PCC i mí na Nollag, arna éascú ag an eagraíocht as Doire Wall2Wall Music.

Bhí tionchar ag na srianta ar dheich ngrúpa taibhithe an DMEP ach bhí buaicphointí ann i rith na bliana. Bhí sceitimíní ar **Ceolfhoireann Óige Dhún na nGall** a bheith ag obair ar shraith nua a scríobh a stiúrthóir, Vincent Kennedy (Baile Átha Cliath). Ba é sin 'Colm Cille, Colúr na Síochána', a choimisiúnaigh Éire Ildánach agus Comhairle Contae Dhún na nGall do cheiliúradh 1500 Cholm Cille. Bhí díomá ann nuair ab éigean de dheasca Covid-19 an chéad taibhiú domhanda a chur siar, a bhí sceidealta d'Amharclann an Ghrianáin i Leitir Ceanainn i mí na Nollag. B'éigean nascadh idir an DYO agus ceoltóirí Cheoldráma Náisiúnta na hÉireann, a mbeadh ceolchoirm i gColáiste Ailigh i Leitir Ceanainn mar chuid de, a chur ar ceal fosta.

Bhí roinnt imeachtaí 'beo' in ann dul ar aghaidh. Léirigh **Ceolfhoireann Aireagail Dhún na nGall** i gcomhar leis na Conwal Singers an chéad taibhiú domhanda de phíosa nua leis an gcumadóir as Doire Seán Doherty darb ainm 'Mobhi's Belt'. Ní raibh ticéad ar bith fágtha don cheolchoirm, taobh amuigh de Ghailearaí Gléibe i Mín an Lábáin i mí Dheireadh Fómhair. Choimisiúnaigh Comhairle Contae Dhún na nGall agus Comhairle Dhoire agus an tSraitha Báb an píosa mar chuid de bhliain 1500 Cholm Cille.

Bhí teach lán ag an DCO fosta do cheolchoirm Nollag i dTeach Chnoc na Carraige, Leitir Ceanainn. Rinne **Cór Óige Dhún na nGall** cleachtadh ar líne agus beo i rith na bliana leis an stiúrthóir Sara Laughlin. I mí Feabhra rinne siad físeán iontach den amhrán 'Secret for the Mad' le Dodie.

Trí cheolchoirm ar líne DMEP Dé hAoine an 21 Bealtaine leagadh béim ar oidhreacht mharthanach shaothar bhunaitheoirí DMEP amhail an tSiúr Concepta Murphy nach maireann, Béal Átha Seanaidh, agus Jim Rafferty, na Gleannta nach maireann. Bhí an cheolchoirm i gcuimhne ar an tSiúr Concepta Murphy nach maireann, a fuair bás i Meán Fómhair, 2020. Bhí roinnt ceoltóirí den scoth ann a shíolraigh ón DMEP thar na blianta, mar shampla an fliúiteadóir Amy Gillen, Baile an Droichid. Bhuaigh Amy an Bonn Tagore as éacht den scoth i gColáiste Ríoga an Cheoil i Londain in 2020.

07

Corparáideach

Tá ETB Dhún na nGall tiomanta do thimpeallacht shábháilte oibre a chur ar fáil do gach ball foirne agus gach scoláire. Leanaimid orainn ag déanamh monatóireacht ar ár bhfreagairt do COVID-19 le tacaíocht ó Ionadaithe na bPríomhoibrithe i ngach scoil, ionad, agus le foireann tacaíochta na hoifige riaracháin sa réimse seo.

COVID-19

Lean paidéim Covid-19 uirthi ag cur isteach ar an tsochaí, ach is timpeallacht oibre choitianta anois é an spás ar líne do dhaltai agus do bhaill foirne araon, rud a chruthaigh eagraíocht níos dinimiciúla, mar gheall ar an ghá le hoiriúnú de thoradh na paidéime.

Seirbhísí Corparáideacha

Tacaíonn an Roinn Seirbhísí Corparáideacha leis an eagraíocht sna réimsí seo a leanas:

- Oibríochtaí an Bhoird laistigh d'ETB Dhún na nGall
- Rialachas Corparáideach
- Bainistíocht Riosca
- Athrú Aeráide, Inbhuanaitheacht agus Bainistíocht Fuinnimh
- Bainistíocht Eastát
- Árachas
- Sláinte, Sábháilteacht agus Leas ag an Obair (COVID-19 san áireamh)
- Bainistíocht Sonraí lena n-áirítear Cosaint Sonraí agus Saoráil Faisnéise
- Cumarsáid
- Scéim Gaeilge Acht na dTeangacha Oifigiúla
- Seirbhísí tacaíocht riaracháin don Bhord agus don Fheidhmeannas
- Seirbhís do Chustaiméirí

An Clár Forbartha Caipitil | Bainistíocht Eastát

Cuireann Foireann na bhFoirgneamh réimse seirbhísí ar fáil chun tacú lenár scoileanna agus lenár nIonaid FET.

Is iad seo a leanas an réimse seirbhísí a chuirtear ar fáil:

- Tionscadail Chaipitil Tógála ETB do scoileanna/ionaid nua, síntí, cóiríocht shealadach
- Agus do thionscadail athchóirithe srl.
- Scéim Oibreacha Samhraidh Scoile.
- Scéim na nOibreacha Éigeandála.
- Tionscadail Chaipitil Spóirt.
- Soláthar chun Foirne Dearaidh Sainchomhairleoirí agus Teagmhálaithe a cheapadh.
- Iarratas ar chead pleanála agus achomhairc riachtanacha.
- Gnóthaí tógála féinmhaoinithe ETB.
- Bainistíocht Saoráidí –
- Iarratais chothabhála a chomhordú agus a bhainistiú ar fud ár scoileanna agus ár n-ionad nuair a aithnítear gur gá.
- Cuidiú do scoileanna neamh-ETB nuair a iarrann Tionscadail Chaipitil Aonad Foirgníochta na RO iad.
- Bainistíocht Airgeadais ar Thionscadail Chaipitil.
- Bainistíocht agus Tuairisciú Fuinnimh.
- Comhaontuithe léasa agus ceadúnais a bhainistiú.
- Clár Maoine ETB Dhún na nGall.
- Riachtanais árachais.

Nochtuithe Cosanta

Soláthraíonn an tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014 creat inar féidir le hoibrithe imní a chur in iúl maidir le héagóir fhéideartha a tháinig ar a n-aird san ionad oibre agus iad ar an eolas gur féidir leo leas a bhaint as cosaintí suntasacha agus cosaintí eile má ghearrann a bhfostóir pionós orthu nó má fhulaingíonn siad ar bhealach ar bith as sin a dhéanamh.

Tá polasaí curtha i bhfeidhm ag ETB Dhún na nGall, a spreagfaidh oibrithe, i dteannta na reachtaíochta, aon éagóir fhéideartha a thuairisciú agus a fhios acu go nglacfar go dáiríre lena n-ábhar imní agus go ndéanfar imscrúdú orthu, nuair is cuí, agus go mbeidh aird chuí ar a rúndacht.

Cuireann an polasaí seo béim go bhfuil sé oiriúnach i gcónaí ábhair imní a chur in iúl nuair a bhíonn siad bunaithe ar chreideamh réasúnta, is cuma má aithnítear aon éagóir ina dhiaidh sin. Cuireann an polasaí treoir ar fáil d'oibrithe ar an dóigh le hábhair imní a chur in iúl. Baineann an polasaí seo le gach oibrí de chuid ETB Dhún na nGall lena n-áirítear conraitheoirí, sainchomhairleoirí, foireann gníomhaireachta, iarfhostaithe agus intéirnigh/oiliúnaithe. De réir fhorálacha an Achta um Nochtadh Cosanta 2014, cheap ETB Dhún na nGall Ceann na nAcmhainní Daonna chun glacadh le nochtaí cosanta. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an oifigeach ainmnithe ar an teileafón ag 074-9706055, trí ríomhphost ag protecteddisclosures@donegaletb.ie, nó trí litir chuig Ceann na nAcmhainní Daonna, Oifigí Riaracháin, ETB Dhún na nGall, Ard Uí Dhónaill, Leitir Ceanainn, Contae Dhún na nGall, F92 DP98. Ceanglaítear le hAlt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 ar gach comhlacht poiblí tuarascáil bhliantúil a ullmhú agus a fhoilsiú faoin 30 Meitheamh gach bliain ina dtugtar breac-chuntas ar líon na nochtaí cosanta a fuarthas an bhliain roimhe sin, agus ar an ghníomh a rinneadh (más ann dó), ar bhealach nach féidir na daoine lena mbaineann a shainnithint.

De bhun Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014, Dún na nGall Deimhníonn an Bord Oideachais agus Oiliúna, don tréimhse 1 Eanáir 2021 go 31 Nollaig 2021, fuarthas Nochtadh Cosanta amháin. Mar fhreagra, sheol ETB Dhún na nGall imscrúdú agus tá an cheist go fóill á fhiosrú tráth na scríbhneoireachta.

Saoráil Faisnéise

Tháinig an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014 i bhfeidhm d'ETB Dhún na nGall ar an 14 Aibreán 2015. Tugann an tAcht an ceart do dhaoine aonair rochtain a fháil ar thaifid phearsanta agus neamhphearsanta, taifid mhíchearta nó mhíthreoracha a leasú nó a scriosadh agus cúiseanna a lorg le cinntí a dhéantar a théann i bhfeidhm air/uirthi. Tugadh an tAcht seo isteach chun cur leis an oscailteacht agus cuntasacht a fheabhsú.

Déantar iarratais trí ríomhphost a sheoladh chuig foi@donegaletb.ie. Le linn 2021, fuair ETB Dhún na nGall 6 iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise atá leagtha amach thíos. Foilsítear Taifead Bliantúil Um Nochtadh SF ar an láithreán gréasáin faoi Fhoilseacháin agus Acmhainní.

Iarrataí ar Shaoráil Faisnéise 2021

Tagairt	Catagóir Iarrthóra	Tuairisc	Deonaithe/Diúltaithe
21.1	Gnó	Taifid a bhaineann le láithreáin a cheannach do 2 Champas Scoil Chranncha	Scagtha agus Páirtdeonta
21.2	Gnó	Taifid a bhaineann le Tairiscint Soláthair	Diúltaithe
21.03	Iriseoir	Taifid a bhaineann le suirbhé, Miontuairiscí & Gearáin Scoil II-sainchreidmheach agus Neamh-shainchreidmheach maidir le creideamh i Scoileanna	Scagtha agus Páirtdeonta
21.04	Oireachtas	Taifid a bhaineann le Síntiús ETB Dhún na nGall le IBEC	Deonaithe
21.05	Eile	Taifid a bhaineann le cuireadh chuig Múinteoirí/Scoileanna le haghaidh Oiliúint Reiligiúnach	Deonaithe
21.06	Eile	Taifid a bhaineann le líon na scoláirí a díbríodh/a cuireadh ar fionraí ó Scoil	Deonaithe

Cosaint Sonraí

Tá Cosaint Sonraí leabaithe go mór taobh istigh den eagraíocht, agus leanaimid orainn ag cinntiú go gcomhlíontar rialáil agus dea-chleachtas sa réimse seo agus go gcoinnítear nósanna imeachta cothrom le dáta.

Sláinte, Sábháilteacht agus Leas

Leanann ETBD air ag cur leis an eolas agus leis an tuiscint ar an dóigh le córas éifeachtach Sláinte agus Sábháilteachta a chinntiú trí oideachas, feasacht a ardú agus tacú le Sláinte agus Sábháilteacht chustaiméirí inmheánacha agus seachtracha uile na heagraíochta. Cuidítear leis sin trí eisiúint le teimpléid tacaíochta an Ráitis nua Sábháilteachta. Tugtar tús áite d'oiliúint ar fud na hearnála i réimsí ábhartha Sláinte agus Sábháilteachta agus tarlaíonn teagmháil leanúnach le scoileanna agus le hionaid lena chinntiú go ndéantar an riosca a bhainistiú agus a íoslaghdú agus a oiread agus is féidir.

Polasaithe agus Nósanna Imeachta

Foilsíonn ETB Dhún na nGall gach doiciméad polasaí ábhartha ar shuíomh gréasáin ETB Dhún na nGall chun rochtain a éascú. Tagann cáipéisí polasaí ó chodanna éagsúla den eagraíocht lena n-áirítear polasaithe a cruthaíodh go lárnach ó ETBI. Bíonn roinnt ETBnna ag comhoibriú orthu sin thar ceann na hearnála agus ar an dóigh sin cinntíonn siad toradh láidir do gach ETB. Cruthaítear cáipéisí polasaí FET, Scoileanna agus OSD de réir mar is gá agus eisítear iad chuig an lucht féachana ábhartha taobh istigh den eagraíocht.

Giorrúcháin

Téarma	Sainmhíniú
AFS	Ráitis Airgeadais Bhliantúla
ARC	An Coiste um Iniúcháireacht agus Measúnú Riosca
ASD	Neamhoird de chuid Speictream an Uathachais
BTEI	An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachais
C&AG	An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
CAB	An Bord Ceadaithe Deimhniúcháin
CL	Ciorclán
CNC (NFQ)	An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí
CPD (FGL)	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
CSE (ESF)	Ciste Sóisialta na hEorpa
CYPSC	Coiste Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga
DCEDIY	Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
DMEP	Comhpháirtíocht Oideachas Ceoil Dhún na nGall
EA	Fíordheimhnitheoir Seachtrach
ESBS	Seirbhísí Comhroinnte Oideachais
ETB [BOO]	Bord Oideachais agus Oiliúna
ETBI [BOO]	Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann
FET	Breisoideachas agus Oiliúint
HR/AD	Acmhainní Daonna
IAU	Aonad Iniúcháireacht Inmheánach
ICDL	Ceadúnas Tiomána Ríomhaire Idirnáisiúnta
IDA	An Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail
JCSP	Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh
LCA	Ardteistiméireacht Fheidhmeach
LCVP	Gairmchlár na hArdteistiméireachta
LEO/OFÁ	Oifig Fiontair Áitiúil
LGBTQI+	Leispiach, Aerach, Déghnéasach, Trasinscneach agus Idirghnéasach+
LYCGS	Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla
LYIT	Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn
MRPCRS	Measúnú ar Riachtanais Phróifíl Cheantair agus Riachtanas Seirbhíse
NAPD	An Cumann Náisiúnta Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí
OETC	Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh
PCC	Pobalscoil Chloich Cheannfhaola
PLC	Iar-Ardteistiméireacht

Term	Definition
PLSS	Córas Tacaíochta Foghlaimeoirí an Chláir
MAEDF	Chiste Maolaithe Mí-Bhuntaíste Oideachasúil
MRF (POEF)	Maoirseacht agus Rannpháirtíocht Feidhmíochta
QA	Dearbhú Cáilíochta
QQI	Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
RGCS (GDPR)	Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí
RO	An Roinn Oideachais
RPL	Aitheantas ar Réamh-Fhoghlaim
SOLAS	An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna (An tÚdarás Breisoideachais agus Oiliúna)
STA	Scileanna chun Cinn
STP	Soláthraithe Sainoiliúna
TEL/ FCT	Foghlaim Fheabhsaithe Teicneolaíochta
TFC (ICT)	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
SOLAS	An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna (An tÚdarás Breisoideachais agus Oiliúna)
TUSLA	An Ghníomhaireacht um Leanai agus an Teaghlach
UDL	Uilíocht Don Foghlaim
VTOS	Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais

Tuismitheoir – tagraíonn sé do thuismitheoir nó caomhnóir
Scoláire – tagraíonn sé do scoláire/foghlaimeoir

Aguisín I - Liosta d'ailt fógraíochta laethúla Dhún na nGall don tseirbhís FET (féach Tosaíocht 12)

A. Fógraí míosúla

- <https://www.donegaldaily.com/2021/02/02/students-set-on-the-right-path-with-donegal-etb-adult-guidance-and-information-service/>
- <https://www.donegaldaily.com/2021/03/08/donegal-women-part-of-21st-century-apprenticeship-story/>
- <https://www.donegaldaily.com/2021/04/06/tara-springs-forward-into-a-new-healthcare-career/>
- <https://www.donegaldaily.com/2021/05/10/childcare-plc-leads-danielle-into-a-job-she-loves/>
- <https://www.donegaldaily.com/2021/06/02/great-opportunities-for-men-in-childcare/>
- <https://www.donegaldaily.com/2021/09/07/further-education-options-available-to-donegal-students-on-their-doorstep/>
- <https://www.donegaldaily.com/2021/10/06/youthreach-was-one-of-the-best-decisions-ive-made-in-my-life/>
- <https://www.donegaldaily.com/2021/11/02/maries-career-change-leads-to-dream-role/>
- <https://www.donegaldaily.com/2021/12/01/debbie-designs-a-creative-future-after-donegal-etb/>

B. Scéalta dhaltaí FET chun tacú le cur chun cinn na hócáide Coicís FET ar líne:

- <https://www.donegaldaily.com/2021/08/17/donegal-etb-fet-fortnight-niall-builds-a-new-career-in-healthcare/>
- <https://www.donegaldaily.com/2021/08/18/there-is-such-variety-ill-definitely-be-going-back-to-donegal-etb/>
- <https://www.donegaldaily.com/2021/08/19/donegal-etb-fet-fortnight-how-vanessa-developed-an-interest-in-software-development/>
- <https://www.donegaldaily.com/2021/08/20/donegal-etb-fet-fortnight-kathleens-joy-at-finding-her-dream-job/>

Tá an íomhá ar an chlúdach tosaigh in úsáid againn le caoinchead ó Ruth Connolly.

Déan teagmháil linn

Dearadh © ETB Dhún na nGall 2022

Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall

--

Oifigí Riaracháin ETB

Ard Uí Dhónaill

Leitir Ceanainn

Co. Dhún na nGall, F92 DP98

Guthán: 074 9161600

Ríomhphost: eolas@donegaletb.ie

www.donegaletb.ie



#CéimChunTosaighle**ETBDhúnnanGall**



etb

Bord Oideachais agus
Oiliúna Dhún na nGall
*Donegal Education and
Training Board*